Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

Claochlú na hEarnála Uisce
Páipéar Beartais

Uisce Éireann - I dtreo fóntas seirbhísí uisce náisiúnta rialaithe faoi úinéireacht phoiblí

Ullmhaithe ag An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta

gov.ie/tithiocht

Léargas Ginearálta 1
Fís an Rialtais 4
An Todhchaí atá i ndán do Sheirbhísí Uisce 4
An Bealach Chun Cinn 4
An Todhchaí atá i ndán d'Oibrithe na hEarnála Uisce 6
Saincheisteanna Beartais nach bhfuil faoi Shainchúram an CCÁO 7
Clár an Rialtais 9
An fáth gur fearr don Fhóntas A Bheith Faoi Úinéireacht Phoiblí 9
An fáth atá le Fóntas Náisiúnta 10
An fáth atá le Fóntas Aonair 12
An fáth atá le Fóntas Rialaithe 13
Próiseas Claochlaithe na hEarnála Uisce 16
Léargas Ginearálta 16
An réasúnaíocht atá le bunú tosaigh Uisce Éireann 17
Príomh-Athchóirithe go dtí seo 19
Uisce Éireann – Cúlra leis an tsamhail oibríochtúil reatha 20
Deiseanna Nua a Sholáthar don Fhoireann 23
Ról an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre 25
An Tionchar a Imríonn Seirbhísí Uisce a Chlaochlú ar an gCóras Rialtais Áitiúil 26
Úinéireacht Phoiblí ar Sheirbhísí Uisce 27
Conclúid - I dtreo Fóntas Seirbhísí Uisce Poiblí Comhtháite 29
Aguisín 32

Léargas Ginearálta

Bunaíodh Uisce Éireann in 2013 agus cuireann sé seirbhísí uisce ar fáil do 3.3 milliún duine in Éirinn. Is éard a bhaineann leis seo ná 608 billiún lítear uisce a tháirgeadh gach bliain agus fuíolluisce a bhaint chun é a chóireáil sula dtugtar ar ais é go dtí ár n-aibhneacha agus farraigí. Tá seirbhísí uisce bunriachtanach maidir le saol laethúil ár saoránach agus ár ngeilleagar. Baineann ríthábhacht leo chun forbairt inbhuanaithe agus timpeallacht ghlan a bhaint amach.

Tugtar gealltanas in **Ár dTodhchaí Chomhroinnte (Our Shared Future)**, Clár an Rialtais, chun “Uisce Éireann a choimeád faoi úinéireacht phoiblí mar fhóntas náisiúnta aonair rialaithe”. Tugtar gealltanas sa Chlár freisin do chinntiú go bhfuil dóthain cistiú ag Uisce Éireann chun an infheistíocht riachtanach a dhéanamh i mbonneagar uisce óil agus fuíolluisce. Anuas air sin, tugtar sainordú sa Chlár d’Uisce Éireann chun pleananna a fhorbairt le slándáil an tsoláthair agus acmhainneacht dhóthanach sna líonraí uisce óil agus fuíolluisce a chinntiú chun forbairt réigiúnach chothrom a dhéanamh.

Trí ghealltanas an Rialtais seo a chomhlíonadh, cuirfear na hathchóirithe fairsinge beartais agus reachtaíochta i gcrích inar thug an córas uisce poiblí faoi athrú ó bhonn, ó struchtúr atá bunaithe ar údaráis seirbhísí uisce a eagraítear go háitiúil, i dtreo fóntas aonair náisiúnta uisce a bhaint amach.

Is é an cuspóir a chinntiú go bhfuil socruithe nua-aimseartha agus éifeachtacha i bhfeidhm maidir le seirbhísí uisce a sholáthar:

- a fhreastalaíonn ar riachtanais agus ionchais saoránach agus úsáideoirí,
- a chomhlíonann oibleagáidí dlíthiúla intíre agus idirnáisiúnta,
- a bhaineann luach maith ar airgead amach,
- a thacaíonn le prionsabail na hinbhuanaitheachta sóisialta, geilleagraí agus comhshaoil, agus
- a choimeádtar faoi úinéireacht agus rialú poiblí.

Rinneadh príomhghnéithe den phróiseas athchóirithe a chur i bhfeidhm go rathúil go dtí seo. Áirítear leis seo Uisce Éireann a bhunú, mar an t-údarás seirbhísí uisce a oibríonn ar scála náisiúnta, trí shraith comhaontuithe seirbhíse (CSanna) le húdaráis áitiúla. Rinneadh comhaontú ar shamhail chistithe ina gcistítear seirbhísí uisce ó mheascán cuí de chistiú ón Státchiste, do sheirbhísí intíre agus infheistíocht chaipitil, agus muirir úsáideora, le haghaidh seirbhísí a sholáthraítear don earnáil neamh-intíre, an tionscal agus gnó san áireamh. Cinntíonn rialáil neamhspleách Uisce Éireann ag an gCoimisiún um Rialáil Fóntais (an CRF) go gcosnaítear leasanna saoránach agus custaiméirí, agus go mbaintear an chothromaíocht riachtanach amach idir éifeachtúlacht oibríochtúil agus infheistíocht chaipitil leanúnach.

Rinne Uisce Éireann dul chun cinn suntasach chun acmhainn an fhóntais a bhunú ó 2013 ar aghaidh agus é ag oibriú trí na CSanna leis na húdaráis áitiúla. Áirítear leis seo breis agus €3 billiún a infheistiú sa chóras go dtí seo. Ghlac údaráis áitiúla agus a bhfoireann le príomhról maidir le seirbhísí uisce a sholáthar i gcaitheamh na tréimhse seo, i rith tréimhsí an-dúshlánacha, amanna. Saintréith de chuid seirbhísí uisce in Éirinn i gcónaí é tiomantas leanúnach foireann seirbhísí uisce do leanúnachas seirbhíse agus feabhsú seirbhíse.

Tá pointe bainte amach anois ag an gclár claochlaithe ina bhfuil sé ríthábhachtach go mbíonn ar lánchumas Uisce Éireann, i ndiaidh glacadh leis an bhfreagracht reachtúil cheana féin as seirbhísí uisce a sholáthar, chun tabhairt faoi na feidhmeanna siúd go hiomlán, ar bhealach éifeachtúil agus éifeachtach.

Ina thaobh seo, cuirtear sa pháipéar beartais seo leis an Ráiteas Beartais ar Sheirbhísí Uisce 2018-2025, lenar comhaontaíodh in 2018, a d'eascair as tréimhse ina ndearnadh breithniúchán náisiúnta maidir le seirbhísí uisce a chistiú agus a sholáthar, i gcomhthéacs na conspóide maidir le táillí uisce. Faoi mar a leagtar amach i Ráiteas Beartais 2018, buntacaíonn ceithre phrionsabal ardleibhéil le beartas seirbhísí uisce in Éirinn:

- Údarás seirbhísí uisce náisiúnta amháin aonair, atá faoi úinéireacht phoiblí;
- Soláthar cothrom agus éifeachtúil, agus díriú ar chustaiméirí;
- Torthaí cáilíochta sláinte agus comhshaoil a dtugtar tús áite dóibh a bhaint amach ar fud na hearnála; agus
- Bealaí oibre chun tacú le comhpháirtíocht agus sár-rannpháirteachas le páirtithe leasmhara.

Foráiltear sa Ráiteas Beartais ar Sheirbhísí Uisce 2018-2025, ina theannta sin, go bhfuil beartas na hÉireann maidir le seirbhísí uisce a sholáthar, agus infheistíocht ghaolmhar, dírithe ar dhul i ngleic leis na trí chuspóir idirghaolmhara lena mbaineann:

- **Cáilíocht**, feabhas a chur ar chaighdeáin sláinte poiblí agus chomhshaoil a bhaint amach;
- **Caomhnú**, mar phríomhchuid de bheartas freagrach comhshaoil, sóisialta agus geilleagrach, mar gheall go dtuigtear gur gá go leor acmhainní, fuinnimh, caipitil agus saothair a infheistiú chun uisce glan agus inúsáidte a sholáthar;
- **Féachaint chuige go seasfar an aimsir**, a aithníonn go gcuireann éileamh atá ag dul i méid brúnna fadtéarmacha ar sholáthairtí uisce poiblí, mar gheall ar bhorradh geilleagrach agus ar an daonra agus tionchair an athraithe aeráide.

Ar aon dul leis an gcreat beartais uileghabhálach seo, leagtar amach anois sa pháipéar seo ionchais an Rialtais maidir le hUisce Éireann a chlaochlú chun oibriú mar an bhfóntas náisiúnta aonair rialaithe seirbhísí uisce. Caithfidh seo tarlú go mear. Tá baint lárnach ag córas nua-aimseartha, éifeachtach, atá comhlíontach i dtaobh an chomhshaoil de agus a sholáthraítear go héifeachtúil maidir lenár leasanna náisiúnta. In ainneoin go bhfuil úinéireacht againn ar na sócmhainní agus go n-íocaimid as soláthar seirbhíse trí na CSanna, níl smacht díreach ag Uisce Éireann ar thromlach fhoireann na seirbhíse nó na sócmhainní. Tá sé freagrach agus cuntasach, áfach, as seirbhísí uisce agus fuíolluisce poiblí a sholáthar ar fud na tíre. Caithfear tús áite a thabhairt do dhul i ngleic leis an idirscaradh seo idir freagracht agus rialú.

Tuigeann an Rialtas nach mór breithniú a dhéanamh ar leasanna agus dearcthaí príomhpháirtithe leasmhara agus dul i ngleic leo laistigh den phróiseas claochlaithe. Áirítear leis na páirtithe leasmhara seo na hoibrithe seirbhísí uisce seo ar fud na tíre, a d'fhorbair na seirbhísí uisce ar a mbraitheann an oiread sin dínn inniu a bhuíochas lena dtiomantas agus a ndúthracht; an earnáil rialtais áitiúil, atá mar chuid intreach den tseirbhís phoiblí agus de phobail áitiúla; agus, dar ndóigh, Uisce Éireann, a mháthairchuideachta Ervia agus a bhfoireann.

Teastaíonn comhoibriú agus comhar na bpáirtithe leasmhara uile ó na chéad chéimeanna eile chun nuachóiriú agus athchóiriú breise a dhéanamh ar sheirbhísí uisce a sholáthar in Éirinn. Agus ár bhfís agus ár n-ionchais á leagan amach, tá an Rialtas ag tnúth le rannpháirtíocht mhionsonraithe idir páirtithe leasmhara, chun gur féidir linn na socruithe is fearr agus is cuí agus is féidir a chomhaontú agus a sholáthar le chéile mar thír chun seirbhísí uisce den chéad scoth a sholáthar in Éirinn.

Fís an Rialtais

An Todhchaí atá i ndán do Sheirbhísí Uisce

Faoi mar a leagtar amach thuas, is é an cuspóir an Rialtais a chinntiú go bhfuil socruithe nua-aimseartha agus éifeachtacha i bhfeidhm maidir le seirbhísí uisce a sholáthar:

- a fhreastalaíonn ar riachtanais agus ionchais saoránach agus úsáideoirí,
- a chomhlíonann oibleagáidí dlíthiúla intíre agus idirnáisiúnta,
- a bhaineann luach maith ar airgead amach,
- a thacaíonn le prionsabail na hinbhuanaitheachta sóisialta, geilleagraí agus comhshaoil, agus
- a choimeádtar faoi úinéireacht agus rialú poiblí.

Ar aon dul leis an bhfís seo, leagtar amach sa pháipéar seo an méid is gá a dhéanamh chun ár gcuspóirí a bhaint amach.

An Bealach Chun Cinn

Agus sinn ag bogadh ar aghaidh go dtí an chéad chéim eile chun seirbhísí Uisce Éireann a fhorbairt, tá sé ríthábhachtach anois go ndéanann Uisce Éireann ullmhú chun seirbhísí uisce a chomhtháthú go hiomlán laistigh dá struchtúr eagrúcháin. Ar aon dul leis sin, caithfidh córas an rialtais áitiúil ullmhú a dhéanamh chun deireadh a chur de réir a chéile le baint dhíreach a bheith ag údaráis áitiúla maidir le seirbhísí uisce poiblí a sholáthar.

Comhoibreoidh agus tacóidh an Rialtas le gach príomhpháirtí leasmhar maidir le dul i mbun na mbeart riachtanach lena chinntiú go ndéantar an t-aistriú seo go cúramach, agus aird á tabhairt i gcomhthráth ar bhuarthaí na bpáirtithe go léir.

Seo a leanas ionchais an Rialtais maidir le claochlú na hearnála seirbhísí uisce a chríochnú:

- Scarfaidh Uisce Éireann ó Ervia Grúpa i rith 2023. Cheadaigh an Rialtas le déanaí Bille a fhorbairt agus a dhréachtú chun éifeacht reachtúil a bhronnadh ar an scaradh a bheidh i bhfeidhm i bhfad roimh an dáta seo.

- Déanfaidh Uisce Éireann oibriú agus soláthar laethúil seirbhísí uisce isteach ina struchtúr eagrúcháin féin, seachas na CSanna reatha, ar bhonn céimnithe.

- Chun ullmhú don chomhtháthú, ba cheart an próiseas reatha a chríochnú laistigh de thréimhse 6 mhí nó níos luaithe, i.e. faoi Iúil 2021, a thiteann amach faoi choimirce an Choimisiúin um Chaidreamh Coimisiún (an CCÁO) a bhfuil mar chuspóir aige creat cobhsaí oibríochtúil a shainaithint chun seirbhísí uisce a sholáthar amach anseo a thiocfaidh in ionad na CSanna.

- Cuirfidh Uisce Éireann, ag oibriú le húdaráis áitiúla agus oibrithe seirbhísí uisce reatha, plean céimnithe i bhfeidhm maidir le seirbhísí uisce a chomhtháthú isteach ina struchtúr eagrúcháin, agus tá an cur i bhfeidhm le críochnú in 2022.

- Tabharfaidh an Rialtas reachtaíocht leasaithe chun cinn lena fhoráil gur fóntas atá faoi úinéireacht phoiblí, náisiúnta aonair rialaithe é Uisce Éireann atá scartha ó Ervia Group. Áireofar leis na socruithe cuntasachta ról cuí don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste maidir le hUisce Éireann. Déanfar breithniú ar shocruithe a chuirfeadh feabhas ar sholáthar seirbhísí uisce ag Uisce Éireann i bhforálacha reachtaíochta agus riaracháin, faoi mar is gá agus is cuí.

- Leanfaidh an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (an GCC) ag tabhairt faoi rialáil comhshaoil, agus leanfaidh an CRF ag tabhairt faoi rialáil gheilleagrach.

- Leanfaidh soláthar seirbhísí uisce a bheith dílis do, agus comhsheasmhach leis, na riachtanais a bhaineann le costais a aisghabháil go leordhóthanach bunaithe ar anailís gheilleagrach, faoi mar a leagtar amach in Airteagal 9 de Chreat-Treoir Uisce an AE (2000/60/CE), agus, seachas sin, comhlíonann siad dlí an AE ar gach bealach eile.

- Tosaíocht straitéiseach é athchóiriú na hearnála seirbhísí uisce. Ní gá agus ní bheidh gá le tabhairt faoi chun dochair na hearnála rialtais áitiúil.

Caithfidh an próiseas seo a chuirfidh socruithe nua struchtúracha in ionad na CSanna chun oibríochtaí Uisce Éireann a chomhtháthú agus creat cobhsaí oibríochtúil a sholáthar chun seirbhísí uisce a sholáthar amach anseo, dul i ngleic i gcomhthráth le gach ceann de na gnéithe idirnasctha seo a leanas:

(1) An rialú a theastaíonn ó Uisce Éireann a sholáthar ar oibríochtaí, cuntasacht agus acmhainní chun riosca a bhainistiú agus chun cumarsáid agus idirbheartaíocht a dhéanamh le gach oibrí seirbhísí uisce maidir leis an gclár athraithe agus aitheantas aonair a sholáthar do sheirbhísí a phléann go díreach le custaiméirí;

(2) A chinntiú nach bhfágtar Uisce Éireann gan lucht saothair a bhfuil na scileanna cuí chun tabhairt faoina fheidhmeanna reachtúla;

(3) A chinntiú nach mbíonn costais thréigthe le híoc ag údaráis áitiúla, nuair a bhíonn ceangaltais chaiteachais ann gan sruth comhfhreagrach ioncaim a bheith ann, agus go bhfuil caidreamh fadálach agus leanúnach struchtúrach idir Uisce Éireann agus údaráis áitiúla, maidir le tithíocht údaráis áitiúil agus feidhmeanna pleanála chun tacú le forbairt gheilleagrach, spásúil agus shóisialta, agus le cosaint comhshaoil; agus

(4) Dul i ngleic le buarthaí oibrithe maidir le foireann reatha uisce údaráis áitiúil a imlonnú amach anseo, agus gan gá a bheith le Alt 19 den Acht um Sheirbhísí Uisce (Uimh. 2), 2013 a ghairm, seachas trí chomhaontú comhchoiteann, ag glacadh leis go bhforbrófaí comhaontú comhchoiteann mar thoradh den phróiseas idirchaidrimh faoina dtugtar tríd an CCÁO laistigh den amscála a dtugtar cuntas air thuas.[1]

Ba dhóchúil go mbeadh comhpháirtíocht idir na príomhpháirtithe leasmhara go léir i gceist le cur i bhfeidhm, agus go ndéanfaí comhaontú ar struchtúir rialachais chun seo a léiriú.

An Todhchaí atá i ndán d'Oibrithe na hEarnála Uisce

Is éard a bhainfidh le príomhghné de chreat cobhsaí oibríochtúil a shainaithint chun seirbhísí uisce a sholáthar amach anseo ná an tsamhail phá is cuí a shainaithint, socruithe aoisliúntais san áireamh d'oibrithe na hearnála uisce a fhad agus a chomhaontaítear ar an gcreat. Níor thit aon phlé foirmiúil air seo amach go dtí seo.

Sa chomhthéacs seo, tá claochlú bunúsach déanta cheana féin ar an gcóras uisce poiblí, i ndiaidh gur aistríodh é ó chóras a bhí bunaithe ar údarás áitiúil go córas ina soláthraíonn Uisce Éireann seirbhísí le tacaíocht údarás áitiúil trí na CSanna. Mar thoradh air sin, leanann údaráis áitiúla le thart ar 3,200 oibrí seirbhísí uisce a fhostú atá faoi réir na CSanna le hUisce Éireann. Áirítear leo seo oibrithe ginearálta agus gráid ghaolmhara, teicneoirí, ceardaithe, innealtóirí agus foireann riaracháin. Leantar le téarmaí agus coinníollacha na fostaíochta, agus teidlíochtaí aoisliúntais, na n-oibrithe seo ag oibriú ar aon dul le beartais agus nósanna imeachta pá agus pinsin údaráis áitiúil.

Tá grúpa reatha 800 foirne ann faoi láthair a oibríonn go díreach le hUisce Éireann agus Ervia chun seirbhísí uisce a sholáthar. Gné sa phróiseas iad a riachtanais agus a leasanna. Bainfidh tábhacht le deiseanna a chruthú don fhoireann seirbhísí uisce atá ag oibriú faoi láthair faoi na CSanna, anuas orthu siúd in Uisce Éireann agus Ervia, de réir mar a thugtar an próiseas claochlaithe chun críche go hiomlán. Thug Uisce Éireann le fios go n-úsáidfidh sé croíshamhail oibriúcháin ionfhoinsithe don ghníomhaíocht laethúil, agus is é a lucht saothair féin a sholáthraíonn a chroísheirbhísí.

Gan iarracht a dhéanamh teacht roimh cheisteanna nó iad a dheimhniú sula ndéanfar rannpháirtíocht, is é dearcadh an Rialtais gur féidir le foireann na hearnála uisce leanúint de bheith ag tnúth le fostaíocht shlán agus gairm bheatha thairbheach.

[1] Baineann Alt 19 le próiseas ainmnithe na foirne údaráis áitiúil chun aistriú go hUisce Éireann nuair a dhéantar CS a fhoirceannadh.

Tá na príomhpháirtithe leasmhara go léir ar aon intinn, faoi mar a léiríodh i dTuarascáil Mheán Fómhair 2018 an CCÁO[2], go mbeidh sé riachtanach go mbeidh baint leanúnach ag an bhfoireann atá fostaithe faoi láthair chun seirbhísí uisce a sholáthar laistigh d'údaráis áitiúla, mar gheall ar a sainscileanna agus a saineolas, chun seirbhísí uisce poiblí a sholáthar agus le leanúnachas seirbhíse a chinntiú. Go deimhin, tuigtear go mbraitheann an cuspóir lena mbaineann córas nua-aimseartha agus éifeachtach seirbhísí uisce a chruthú ar shainlucht saothair dea-oilte, ina bhfuil struchtúir ghairm bheatha chéimnitheacha, a mbronntar luaíocht chuí orthu don mhéid a chuireann siad leis an gcóras uisce poiblí, agus leis an ngeilleagar agus an tsochaí ar a bhfreastalaíonn siad.

Ó pheirspictíocht an Rialtais, is tábhachtach agus is tráthúil go ndéanann gach páirtí leasmhar breithniú réamhghníomhach agus cuiditheach ar impleachtaí acmhainní daonna an phróisis chlaochlaithe agus go ndéantar an breithniú sin eatarthu. Cuirfidh seo níos mó soiléireachta agus cinnteachta ar fáil faoin todhchaí ná mar atá ann faoi láthair ar mhaithe le gach páirtí leasmhar, ní dá laghad na hoibrithe.

Is é an fóram is cuí chun dul i ngleic leis na buarthaí a luaigh oibrithe maidir lena stádas mar oibrithe earnála poiblí, samhlacha páirtithe agus téarmaí agus coinníollacha, i measc rudaí eile, é an CCÁO. Spreagtar na páirtithe chun cuir chuige a fhorbairt i leith foireann, oibríochtaí agus acmhainní a aistriú faoi rialú Uisce Éireann, a thugann aird ar an éiteas seirbhíse poiblí a bhuntacaíonn le seirbhísí uisce a sholáthar faoi láthair faoi na hAchtanna um Sheirbhísí Uisce agus na CSanna. Tugtar dearbhú nach dtiocfadh aon iomarcaíochtaí éigeantacha aníos mar thoradh ón bpróiseas claochlaithe. Tá ról laistigh d'Uisce Éireann do gach duine a oibríonn faoi láthair i seirbhísí uisce in údarás áitiúil.

Samhlaíodh i dtosach go raibh CSanna le cur i gcrích agus le deireadh le cur leo ag deireadh 2025. Faoi mar a leagtar amach sa pháipéar seo, áfach, is tábhachtach aistriú anois i dtreo fóntas aonair atá go hiomlán comhtháite a fhorbairt. Iarrtar ar gach páirtí oibriú i dtreo CS eile a bheith acu lena chur in ionad na CSanna reatha atá i bhfeidhm roimh dheireadh 2022.

Saincheisteanna Beartais nach bhfuil faoi Shainchúram an CCÁO

Comhaontaíonn an Rialtas leis gur cheart go mbeadh rannpháirtíocht idir na páirtithe maidir le saincheisteanna eile buartha lasmuigh de scóip rannpháirtíocht an CCÁO, faoi mar a leagtar amach thíos.

[2] Tuarascáil an CCÁO ar shaincheisteanna a bhaineann leis an gclár claochlaithe d'Uisce Éireann, a cuireadh faoi bhráid an Uasail Eoghan Murphy, T.D., an tAire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil, an 19 Meán Fómhair 2018.
https://www.workplacerelations.ie/en/news-media/workplace_relations_notices/wrc_report_on_issues_relating_to_the_transformation_programme_for_irish_water_presented_to_mr_eoghan_murphy_t_d_minister_for_housing_planning_and_local_government_on_19th_september_2018_.html

Titfidh an rannpháirtíocht siúd amach i snáitheanna ar leith de phlé idir an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta (an RTRÁO) agus, faoi mar is cuí, an Cumann Bainistíochta Contae agus Cathrach / an Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil agus Comhdháil na gCeardchumann agus ceardchumainn chleamhnaithe, a dhéanann ionadaíocht d'oibrithe seirbhísí uisce, agus Uisce Éireann.

Áireofar leis seo idirchaidreamh le Comhdháil na gCeardchumann agus ceardchumainn chleamhnaithe ábhartha maidir le gach saincheist is ábhar buartha dóibh, an reifreann bunreachtúil, ach go háirithe, maidir le húinéireacht uisce; inbhuanaitheacht an rialtais áitiúil amach anseo; agus socruithe rialachais Uisce Éireann.

Téitear i ngleic le ceist an reifrinn agus le hinbhuanaitheacht an rialtais áitiúil amach anseo go leithligh i gClár an Rialtais. Cé go gcomhaontaíonn an Rialtas leis gur cheart don RTRÁO idirchaidreamh a dhéanamh le Comhdháil na gCeardchumann agus le ceardchumainn maidir leis na príomhcheisteanna straitéiseacha seo, caithfidh an t-idirchaidreamh sin titim amach laistigh de chomhthéacs an idirchaidrimh shochaíoch níos fairsinge. Ina thaobh seo, luaitear i gClár an Rialtais go bhfuil saincheist an chomhshaoil, uisce san áireamh, agus an áit a bhfuil sé sa bhunreacht, le cur faoi bhráid Chomhchoiste ábhartha an Oireachtais lena breithniú.

Déantar cinneadh faoi na ceisteanna seo, i ndeireadh na dála, tríd an gcóras polaitiúil, neamhspleách ar aon cheisteanna caidrimh thionsclaíoch agus acmhainní daonna a dhéanann difear don fhoireann seirbhísí uisce. Is ar a fhiúntas féin atá an riachtanas beartais lena mbaineann socruithe nua-aimseartha agus éifeachtacha a chinntiú do sheirbhísí uisce a sholáthar agus ní féidir leis brath ar dhul chun cinn nó toradh na mbuarthaí beartais phoiblí níos fairsinge seo.

Bunaítear cur chuige foriomlán beartais an Rialtais ar an gcomhthuiscint go dteastaíonn clár tábhachtach claochlaithe lena chinntiú go dtagann forbairt le himeacht ama in Éirinn ar chórais nua-aimseartha agus éifeachtacha chun seirbhísí uisce agus fuíolluisce a sholáthar.

Clár an Rialtais

Téitear i ngleic in **Ár dTodhchaí Chomhroinnte**, Clár an Rialtais, le seirbhísí uisce a sholáthar agus ról Uisce Éireann maidir leis an méid seo a leanas:

“Imríonn easnaimh bhonneagar uisce tionchar ar uisce óil sábháilte agus slán a sholáthar, bíonn siad ina gcúis le truailliú agus le díobháil a dhéanamh don chomhshaol agus cruthaíonn siad dúshlán d’fhorbairt inbhuanaithe a bhaint amach i gceantair uirbeacha agus thuaithe in Éirinn.

Is gá infheistíocht leanúnach a dhéanamh i mbonneagar le soláthar leanúnach d’uisce óil ar chaighdeán maith a chinntiú agus lena chinntiú go ndéantar an chóireáil chuí ar fhuíolluisce chun ár n-uiscebhealaí a chosaint. Chun seo a bhaint amach, déanfaidh an Rialtas an méid seo a leanas:

- Uisce Éireann a choimeád faoi úinéireacht phoiblí mar fhóntas náisiúnta aonair rialaithe.
- A chinntiú go bhfuil dóthain cistiú ag Uisce Éireann chun an infheistíocht riachtanach a dhéanamh i mbonneagar uisce óil agus fuíolluisce.
- Sainordú a thabhairt d’Uisce Éireann chun pleananna a fhorbairt le slándáil an tsoláthair agus acmhainneacht dhóthanach sna líonraí uisce óil agus fuíolluisce a chinntiú chun forbairt réigiúnach chothrom a dhéanamh.”

Sainaithnítear i ngealltanas Chlár an Rialtais an réimse gnéithe ríthábhachtacha ina gcuimsítear Uisce Éireann, agus atá le léiriú san fhorbairt agus sa chlaochlú breise a dhéanfar air.

An fáth gur fearr don Fhóntas A Bheith Faoi Úinéireacht Phoiblí

Forbraíodh córais uisce phoiblí na hÉireann riamh anall mar sheirbhís phoiblí bhunriachtanach a sholáthair údaráis bhardasacha ar leibhéal áitiúil, ar mhaithe leis na pobail ar a bhfreastalaíonn siad. Bunaítear úinéireacht phoiblí, a léiríonn toil shoiléir mhuintir na hÉireann, go daingean mar chroíphrionsabal a bhaineann le seirbhísí uisce a sholáthar. Le himeacht na mblianta, léiríodh agus treisíodh an prionsabal seo sa reachtaíocht a rialaíonn forbairt agus soláthar seirbhísí uisce.

Lean an prionsabal seo d’úinéireacht phoiblí le déanaí de bheith mar chroíphrionsabal i gceartlár an phróisis athchóirithe. Cuirtear in iúl go soiléir sa Ráiteas Beartais ar Sheirbhísí Uisce 2018-2025, a ullmhaíodh faoin Acht um Sheirbhísí Uisce, 2017, mar phrionsabal, go bhfuil an córas uisce poiblí le bheith faoi úinéireacht phoiblí i gcónaí. Luaitear ann go bhfuil fóntas éifeachtúil aonair seirbhísí uisce poiblí, atá cuntasach don Oireachtas, le seirbhísí uisce poiblí a sholáthar. Is ar Uisce Éireann atá an fhreagracht seo.

Bunaíodh Uisce Éireann san Acht um Sheirbhísí Uisce, 2013 trí na 34 údarás seirbhísí uisce áitiúil a chónascadh a bhí i bhfeidhm ag an tráth sin isteach in údarás aonair náisiúnta. Agus amhlaidh á dhéanamh, rinne sé úinéireacht phoiblí a neartú agus a chomhdhlúthú trí é a dhílsiú go díreach sna hAirí Rialtais den chéad uair. Rinneadh socruithe úinéireachta poiblí a neartú níos mó faoin Acht um Sheirbhísí Uisce, 2014. Cuirtear cosc san Acht seo ar Rialtas reatha nó amach anseo ó thús a chur le haon tograí reachtaíochta a lorgódh chun Uisce Éireann a aistriú ó úinéireacht phoiblí, murach go gceadaíonn vóta tromlaigh mhuintir na hÉireann i bpobalbhreith náisiúnta na tograí siúd i dtosach. Is deacair aon chúinsí a shamhlú ina ndéanfaí machnamh faoin togra sin nó inar dhóchúil go n-éireodh leis, nuair a chuirtear na ceangail láidre atá idir saoránaigh agus úinéireacht phoiblí, faoi mar a thug an tacaíocht fhorleathan le húinéireacht phoiblí le fios a thugtar ar fud speictream iomlán an chórais pholaitiúil pháirtithe.

An fáth atá le Fóntas Náisiúnta

Gheall an Rialtas glacadh le cur chuige náisiúnta i leith uisce mar chéim bhunriachtanach i dtreo feabhsúcháin shuntasacha a bhaint amach ar chaighdeán seirbhíse, an éifeachtúlacht a bhaineann le soláthar uisce, cosaint an chomhshaoil agus ár n-acmhainní uathúla náisiúnta uisce a chaomhnú. Is mó is inbhuanaithe iad seirbhísí uisce a sholáthraítear ar bhonn náisiúnta.

Cuireann fóntas náisiúnta a bhfuil air tabhairt faoi gach gné de sheirbhísí uisce a phleanáil agus a sholáthar ar leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil na buntáistí ar fáil a bhaineann le hoibriú ar scála agus a cheadú don earnáil oibriú mar iomlán aontaithe, seachas sraith spréite de sheirbhísí atá scartha ó thaobh na tíreolaíochta de agus atá áitiúil. Éascaíonn seo cur chuige níos comhsheasmhaí agus níos spriocdhírithe i leith tús áite a thabhairt d'infheistíocht, cuireann sé éifeachtúlacht chun cinn nuair a bhíonn bonneagar á sholáthar, agus cinntíonn sé go bhforbraítear dea-chleachtas oibríochtúil.

Cé nach bhfuil aon smacht díreach oibríochtúil aige go fóill ar go leor gnéithe de sholáthar seirbhísí uisce, tá tairbhí suntasacha curtha ar fáil ag Uisce Éireann cheana féin trí phróisis bheachtaithe tógála agus dearaidh; forbraíodh córas faisnéise geografaí (GIS) atá oiriúnach don fheidhm a chabhraíonn le hUisce Éireann tuiscint níos fearr a fháil ar staid ár líonraí uisce agus fuíolluisce; caighdeáin shoiléire d'fhorbróirí maidir le ceangal le líonraí uisce agus fuíolluisce a chuireann dearbhuithe cáilíochta ar fáil do cheannaitheoirí tithe nua; caighdeánú an trealaimh agus próisis soláthair éifeachtúla; agus mar sin de.

Go straitéiseach, ar leibhéal náisiúnta, foilsíodh an Creat Náisiúnta Pleanála (an CNP) agus an Plean Forbartha Náisiúnta (an PFN), ar a dtugtar i dteannta a chéile Tionscadal Éireann 2040, i bhFeabhra 2018. Agus súil leis go mbeidh aon mhilliún duine sa bhreis ina gcónaí sa Stát i gceann 25 bliain, gealltar sa CNP chun borradh níos cothroime a bhaint amach idir na réigiúin, agus bonneagar an Stáit a fheabhsú.

Gealltar sa PFN infheistíocht €8.5 billiún a dhéanamh i mbonneagar uisce poiblí i rith na 10 mbliana ó 2018 go 2027. Leithdháileadh €41 milliún sa bhreis a fhad le 2021, le haghaidh costas a bhaineann le saincheisteanna leagáide maidir le píobáin luaidhe a fheabhsú agus bonneagar a sholáthraíonn forbróir aonair, go príomha i scéimeanna tithíochta.

Réamhriachtanas iad seirbhísí uisce ar chaighdeán maith maidir le gach gné d'fhorbairt shóisialta agus gheilleagrach a bhaint amach ar bhealach atá cothrom go réigiúnach. Faoi mar a thugtar faoi deara sa CNP, ní mór dúinn a chinntiú go bhforbraítear acmhainní uisce go hinbhuanaithe agus go n-úsáidtear go héifeachtúil iad chun acmhainní uisce a bhainistiú agus a chaomhnú ar bhealach a thacaíonn le sochaí shláintiúil, a fhreastalaíonn ar riachtanais forbartha geilleagraí agus a chinntíonn timpeallacht ghlan. Is amhlaidh scála agus uaillmhian an chláir infheistíochta caipitil seirbhísí uisce go dteastaíonn fóntas láidir agus éifeachtach náisiúnta uaidh chun é a chur chun cinn agus a bhaint amach.

Neartaíonn fóntas náisiúnta cumas na hÉireann freisin chun ár n-oibleagáidí agus ár ngealltanais idirnáisiúnta, go háirithe iad siúd ar leibhéal AE agus na NA a bhaineann le stádas éiceolaíochta ár ndobharlach agus cáilíocht agus an fháil atá ar sheirbhísí uisce óil agus sláintíochta.

Foráiltear sa Chreat-Treoir Uisce (2000/60/CE) do shraith uileghabhálach de shocruithe a rialaíonn bainistiú cháilíocht an uisce ar fud na hEorpa. Ceanglaítear ann ar Bhallstáit a n-acmhainní uisce a bhainistiú ar bhonn comhtháite chun stádas 'maith' éiceolaíochta, ar a laghad, a bhaint amach agus meath ar stádas aon uiscí a sheachaint. Déileáiltear i dtreoracha gaolmhara, ar minic go dtugtar treoracha 'iníne' orthu, le ceisteanna ar nós cháilíocht an uisce óil, fuíolluisce uirbeach a chóireáil agus cáilíocht uisce snámha. Leagtar amach sa Phlean Bainistíochta Abhantraí d'Éirinn 2018-2021 socruithe na hÉireann chun a gealltanas a shásamh chun stádas maith éiceolaíochta a bhaint amach ina huiscí, faoi mar a shainordaítear sa Chreat-Treoir Uisce. Tá an chéad Phlean eile i ndiaidh an Phlean seo, a bheidh i bhfeidhm ó 2022 go 2027, á ullmhú faoi láthair, agus tá comhairliúchán poiblí forleathan á dhéanamh air faoi láthair.

Maidir le Sprioc 6 (Uisce agus Sláintíocht) de Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na NA, is fiú a thabhairt faoi deara cé go mbaineann Éire taitneamh as suíomh iontach i dtaobh a hacmhainne lena chinntiú go bhfuil teacht ag saoránaigh ar uisce óil sábháilte agus inacmhainne, bhí patrún tearcinfheistíochta i mbonneagar uisce agus fuíolluisce ann riamh anall nach bhfuil réasúnta a thuilleadh agus atá á cheartú. Ar an gcuma chéanna, tá gá le díriú go láidir ar bheartas agus infheistíocht chun éiceachórais a bhaineann le huisce a chosaint agus a athchóiriú, cosúil le foraois, sléibhte, bogaigh agus aibhneacha. Cuireann ár n-acmhainní uisce buntáiste uathúil nádúrtha ar fáil, a chuirfeadh ar chumas na hÉireann bheith ina heiseamláir, dá ndéanfaí iad a bhainistiú agus a úsáid i gceart, chun bainistíocht inbhuanaithe agus éifeachtúil ar acmhainní uisce a chur chun cinn agus a spreagadh.

Pléitear go mionsonraithe na tionchair a imríonn athrú aeráide sa Phlean Oiriúnaithe Aeráide do Bhonneagar Cháilíocht an Uisce agus Seirbhísí Uisce, a ullmhaíodh in 2019 faoin gCreat um Oiriúnú Náisiúnta, ina leagtar amach straitéis na hÉireann chun déileáil le héifeachtaí an athraithe aeráide.[3] Tá an plean oiriúnaithe earnála uisce seo dírithe ar na rioscaí a bhainistiú a chruthaíonn athrú aeráide do cháilíocht an uisce agus do bhonneagar seirbhísí uisce, agus déantar cur síos ann ar na príomhrioscaí a thagann chun solais agus beartaítear bearta riachtanacha oiriúnaitheacha ann. Baineann tábhacht náisiúnta ríthábhachtach leis go mbíonn bonneagar athléimneach agus inoiriúnaithe seirbhísí uisce ag Éirinn. Is é an bealach is éifeachtaí lena chinntiú gurb amhlaidh an cás ná fóntas aonair náisiúnta seirbhísí uisce poiblí a bheith ann chun an ghníomhaíocht oiriúnaithe go léir a stiúradh agus a chomhordú.

An fáth atá le Fóntas Aonair

Cé gur ghlac Uisce Éireann le freagracht dhlíthiúil maidir leis an gcóras uisce poiblí, leanann údaráis áitiúla ag tabhairt faoi oibríochtaí laethúla a ghníomhaíonn ar bhonn gníomhaireachta d'Uisce Éireann, trí CSanna. D'aithin an socrú seo an gá atá le leanúnachas seirbhíse a chinntiú agus saineolas a choinneáil, fad a d'aistrigh an córas uisce poiblí ó chóras cathrach go córas náisiúnta.

Aithníodh ón tosach, chomh maith céanna, go mbeadh ar Uisce Éireann glacadh le smacht díreach as gníomhaíocht oibríochtúil, in ionad socruithe CS mar gheall ar bhreithnithe níos fadtéarmaí maidir le héifeachtúlacht agus éifeachtacht an tsoláthair sheirbhíse. Is éard a bhaineann leis an ngníomhaíocht seo ná 608 billiún lítear uisce gach bliain a fhreastalaíonn ar 3.3 billiún duine agus fuíolluisce a bhaint chun é a chóireáil sula dtugtar ar ais é go dtí ár n-aibhneacha agus farraigí. I dtaobh bonneagair, braitheann an scála seo gníomhaíochta ar 900 ionad cóireála uisce a bhainistiú agus a oibriú a sholáthraíonn uisce trí líonra 60,000 ciliméadar de phíblíne, agus 1,000 ionad cóireála fuíolluisce agus trí líonra bailithe fuíolluisce ina bhfuil fad 25,000 ciliméadar de phíblíne. Tá baint lárnach ag ailíniú iomlán agus soiléir na freagrachta reachtúla as an líonra sin le rialú na gníomhaíochta oibríochtúla chun bainistíocht riosca éifeachtach a dhéanamh san fhadtéarma.

Nuair a chuirtear san áireamh gurb ón bpobal a chuirtear breis agus 80% dá riachtanas bliantúil cistithe ar fáil don chóras uisce poiblí anois tríd an Státchiste, caithfear an tsamhail reatha soláthair seirbhíse a athchumrú freisin chun go n-oirfidh sé don riachtanas atá le iniúchadh agus cuntasacht phoiblí atá ar aon dul leis an infheistíocht sin.

[3] https://www.housing.gov.ie/water/water-quality/water-quality-and-water-services-infrastructure-climate-change-sectoral

Cruthaíodh Uisce Éireann mar aonán ar leith laistigh de Ervia Group (Bord Gáis Éireann roimhe seo). Chinntigh seo gur thacaigh teacht díreach ar an eolas agus an saineolas teicniúil is fearr a bhí ar fáil a bhain le líonra fóntais poiblí ar scála náisiúnta a bhainistiú agus a oibriú le luathfhorbairt Uisce Éireann mar fhóntas nua. Laistigh den chur chuige seo, leanadh le solúbthacht a sholáthar le scaradh féideartha Uisce Éireann a cheadú mar fhóntas poiblí aonair ag dáta amach anseo.

Tá an Rialtas sásta anois, i ndiaidh tairbhe a bhaint as an suíomh straitéiseach seo laistigh de Ervia Group ar feadh roinnt blianta, go bhfuil forbairt dhóthanach déanta ag Uisce Éireann ar a acmhainn féin mar fhóntas poiblí náisiúnta. Ceaptar anois gur fearr a fhreastalaíonn na fóntais gháis agus uisce a scaradh ar leasanna fadtéarmacha straitéiseacha an dá fhóntais, i.e. gás, agus seirbhísí uisce. In 2018, rinne an Rialtas an cinneadh go scarfadh Uisce Éireann ó Ervia i rith 2023[4]. Tá an próiseas sin ar bun faoi láthair agus is gné thábhachtach é chun an gealltanas i gClár an Rialtais a shásamh go gcoimeádtar Uisce Éireann mar fhóntas faoi úinéireacht phoiblí, náisiúnta, aonair, rialaithe. Cheadaigh an Rialtas i Meán Fómhair 2020 Bille a fhorbairt agus a dhréachtú chun foráil reachtúil a dhéanamh chun Uisce Éireann a scaradh ó Ervia Group i bhfad roimh an dáta seo.

An fáth atá le Fóntas Rialaithe

Teastaíonn leibhéal suntasach bonneagair agus infheistíochta ó sheirbhísí uisce de dheasca a gcineáil. Ar an gcúis seo, is gnách go soláthraítear iad in aon cheantar tíreolaíochta ar leith trí sholáthraí aonair nach bhfuil faoi réir iomaíochta i measc soláthraithe eile. Tugadh seo faoi deara maidir le fóntais uisce in Éirinn agus thar lear, cibé acu má sholáthraítear seirbhísí trí údaráis bhardasacha, comhlachtaí stáit nó oibreoirí príobháideacha. Cé gur luíonn sé le ciall ó thaobh cúrsaí geilleagracha de agus go bhfuil sé ar mhaithe le leas an phobail go soláthraíonn soláthraí amháin seirbhísí uisce, is féidir le neamhéifeachtúlacht agus éagothromas a bheith mar thoradh ar easpa iomaíochta. Tagann an cás seo aníos go minic i measc seirbhísí fóntais eile, agus bíonn seirbhísí uisce tugtha dó freisin. D'fhéadfadh gur gnách go n-oireann socruithe praghsála agus caighdeáin seirbhíse, cuirimis i gcás, don soláthraí seachas don chustaiméir, agus d'fhéadfadh go n-imreodh páirtithe leasmhara ar leith tionchar míchuí orthu, ar nós an tsoláthraí féin nó a bhainistíochta nó a fhoirne. Is féidir leis an Státchiste acmhainní neamhleora a ghealladh sa mheántéarma agus san fhadtéarma chun bonneagar caipitil a fhorbairt agus a chothú.

[4] Bunaíodh Grúpa Stiúrtha Idir-Roinne i bhFeabhra 2019 maoirseacht a dhéanamh agus tuairisciú a dhéanamh leis na hAirí ábhartha maidir le hUisce Éireann a scaradh ó Ervia Group. Is éard atá sa Ghrúpa Stiúrtha ná ionadaithe ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta; Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe; Airgeadais; Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil; sa mhullach ar NewERA agus Ervia, Uisce Éireann agus Líonraí Gáis Éireann ina measc.

Cuireann rialáil gheilleagrach tionchar bunriachtanach cúitimh chun an easpa iomaíochta a shárú agus a chinntiú go reáchtáiltear fóntais seirbhíse chun sárleasa na saoránach agus na dtomhaltóirí ar a bhfreastalaíonn siad agus ar aon dul le leasanna fadtéarmacha straitéiseacha an Stáit, go háirithe maidir le forbairt gheilleagrach agus réigiúnach, agus cosaint an chomhshaoil.

Leagadh an dualgas ar an gCoimisiún um Rialáil Fóntais (an CRF) chun feidhmiú mar rialálaí geilleagrach neamhspleách Uisce Éireann. Is é a shainordú a chinntiú go n-oibrítear Uisce Éireann ar bhealach geilleagrach agus éifeachtúil agus chun sárleasa custaiméirí agus úsáideoirí, agus a chinntiú i gcomhthráth go soláthraítear seirbhísí uisce agus fuíolluisce ar bhealach sábháilte, slán agus inbhuanaithe. Ó glacadh leis an ról seo, chinntigh an CRF an méid seo a leanas, mar rialálaí:

- Tá socruithe cothroma, córa agus trédhearcacha i bhfeidhm maidir le táillí agus táillí a ghearradh ar na seirbhísí ábhartha a sholáthraítear do chustaiméirí;
- Leagtar spriocanna amach atá dúshlánach ach atá réalaíoch mar sin féin, d'Uisce Éireann; agus
- Déantar feidhmíocht Uisce Éireann a thomhas agus a thuairisciú in aghaidh creat measúnaithe feidhmíochta lena gcomhaontaítear, a chumhdaíonn oibríochtaí seirbhíse agus clár infheistíochta caipitil.

Aithníonn an prionsabal lena mbaineann soláthar cothrom agus éifeachtúil a dhíríonn ar chustaiméirí go mbaineann tábhacht le seirbhísí uisce maidir le leasanna náisiúnta na hÉireann. Baineann ríthábhacht le seirbhísí uisce iomaíocha agus éifeachtúla den chéad scoth chun tacú le borradh geilleagrach fadtéarmach, chun bonn fairsing fiontraíochta a chothú agus a fhás, chun leanúint le hardleibhéil d'infheistíocht dhíreach eachtrach a mhealladh, agus chun poist a choimeád agus a chruthú. Ba cheart tús áite a thabhairt do bhreithniú a dhéanamh ar úsáideoirí seirbhísí i gcinntí beartais agus infheistíochta, agus sa soláthar leanúnach seirbhísí.

Léirítear in éifeachtúlacht, mar phrionsabal, an suíomh gurb iad saoránaigh na hÉireann, trína gcánacha, na príomhranníocóirí i dtaobh íoc as costais seirbhísí uisce. Bíonn súil leis go mbainfear luach ar airgead amach ón infheistíocht seo d'airgead poiblí. Caithfear bainistiú a dhéanamh ar shócmhainní ar bhealach geilleagrach agus éifeachtúil lena chinntiú go n-eascraíonn an costas is lú dóibh siúd a íocann as seirbhísí uisce. Bíonn súil leis go soláthrófar seirbhísí uisce ardchaighdeáin iontaofa, a sholáthraítear trí chórais athléimneacha a oibrítear go barainneach agus go héifeachtúil. Baineann an t-ionchas seo le teaghlaigh aonair agus le húsáideoirí neamhthí ó na hearnálacha gnó, tionscail agus talmhaíochta. Tugann éifeachtúlacht tacaíocht bhreise d'acmhainní uisce a chaomhnú, a léiríonn, mar a dhéanann sé, na hacmhainní geilleagracha agus ábhartha a chuireann le seirbhísí uisce a sholáthar.

Cuireann rialáil neamhspleách a dhéanann an CRF ar chumas na hÉireann a thaispeáint agus a thabhairt le fios go bhfuil a cuid oibleagáidí á sásamh aici lena chinntiú go measúnaítear costais úsáide uisce ar bhealach atá fabhrach i dtaobh a chinntiú go n-aisghabhtar costais uisce go leordhóthanach agus go ndéantar úsáid éifeachtúil a bhaint as acmhainní uisce a dhreasú. Ceanglaítear in Airteagal 9 den Chreat-Treorach Uisce ar Bhallstáit prionsabal aisghabhála na gcostas seirbhísí uisce a chur san áireamh, costais chomhshaoil agus acmhainne ina measc, agus aird chuí á tabhairt ar éileamh fadraoin agus ar phatrúin soláthair agus ar phleananna fadtéarmach infheistíochta. Ceanglaítear ann, sa bhreis air sin, go ndáiltear costais seirbhísí uisce go cothrom i measc grúpaí úsáideoirí uisce tí, tionsclaíocha, talmhaíochta agus eile, agus go seachnaítear trasfhóirdheonú.

Baineann bunriachtanas, ar an ábhar sin, le ról rialála an CRF ar mhaithe le custaiméirí reatha agus amach anseo, trí mhonatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht Uisce Éireann i dtaobh seirbhísí a sholáthar, agus infheistíocht a sholáthar i mbonneagar uisce agus fuíolluisce ar bhealach costéifeachtúil.

Próiseas Claochlaithe na hEarnála Uisce

Léargas Ginearálta

Rinneadh athchóiriú suntasach institiúide le deich mbliana anuas ar sholáthar seirbhísí uisce. Bunaíodh Uisce Éireann in 2013 agus ghlac sé le freagracht reachtúil as na seirbhísí uisce agus fuíolluisce poiblí go léir a phleanáil agus a sholáthar ar leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil, le héifeacht ón 1 Eanáir 2014.

Thug sé cur chuige nua comhtháiteach isteach i dtaobh infheistíocht in agus bainistíocht ar sheirbhísí uisce a sholáthar. Déanann an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil rialáil ar Uisce Éireann (i dtaobh comhlíonadh comhshaoil) agus déanann an Coimisiún um Rialáil Fóntais rialáil air (lena chinntiú go soláthraítear infheistíocht agus seirbhísí go héifeachtúil).

Oibríonn Uisce Éireann laistigh de bheartas agus creat airgeadais a leag an Rialtas síos, faoi mar a leagtar amach sa **Ráiteas Beartais ar Sheirbhísí Uisce 2018-2025**, ráiteas beartais reachtúil a cheanglaítear faoin Acht um Sheirbhísí Uisce, 2017, a leagann síos na socruithe cuimsitheacha maoirseachta agus cuntasachta freisin a rialaíonn na feidhmeanna faoina dtugann Uisce Éireann, róil an Chomhlachta Chomhairligh Uisce agus an Fhóraim Uisce san áireamh.

Baineadh trédhearcacht, bainistíocht feidhmíochta agus éifeachtúlacht níos fearr amach i dtaobh soláthar seirbhíse, agus tá táillí agus caighdeáin oibriúcháin nua náisiúnta lena gcomhaontaítear ag teacht in ionad iliomad cuir chuige údaráis áitiúil.

Tá príomhdhúshláin oibríochtúla ann go fóill, áfach. Tá easnaimh mhóra agus leanúnacha bhonneagair ann a bhfuiltear le déileáil leo chun caighdeáin bhunúsacha feidhmíochta a shásamh. Rinneadh breithiúnais in aghaidh na hÉireann i gCúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh mar gheall ar easnaimh inár líonra cóireála fuíolluisce. Tá an leibhéal sceite uisce i bhfad ró-ard. Is féidir le moilleanna ar sheirbhísí uisce agus fuíolluisce breise a sholáthar srian a chur ar fhorbairt tithíochta agus tráchtála a sholáthar, ar tosaíochtaí ríthábhachtacha náisiúnta iad.

Dhírigh an Comhlacht Comhairleach Uisce (an CCU)[5] go sonrach ar an gcodarsnacht idir an tearcinfheistíocht stairiúil i seirbhísí uisce agus an díriú Uisce Éireann le déanaí ar uisce poiblí ardchaighdeáin a sholáthar, ar gá é a choimeád agus a luathú. Nuair a bhí a thuarascáil is déanaí á cur faoi bhráid an Oireachtais aige an 10 Márta 2020, luaigh Cathaoirleach an CCU:

[5] Comhlacht neamhspleách é an CCU a bunaíodh faoin Acht um Sheirbhísí Uisce, 2017, chun tuairisciú leis an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus leis an Oireachtas ar fheidhmíocht Uisce Éireann. Is é an Dr Paul MacGowan, Cathaoirleach, an Coimisiún um Rialáil Fóntais, Cathaoirleach an CCU arb iad a bhaill an Dr Michelle Minihane, an Ghníomhaireacht um Chosaint Fostaíochta; an Dr Tom Collins, Cathaoirleach an Fhóraim Uisce, agus Cathaoirleach Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath; an tUasal Miriam McDonald, Speisialtóir Margaíochta agus Sármhaitheas Custaiméara; agus an tUasal Martin Sisk, Aturnae, agus Cathaoirleach Údarás Maoirseachta Iniúchóireachta agus Cuntasaíochta na hÉireann.

“Leanann an CCU a bheith faoin tuairim go dteastaíonn gníomh suntasach agus marthanach ón mbonneagar agus an líonra uisce óil agus fuíolluisce, go háirithe maidir le sceitheadh, deisiúcháin ar phríomhphíobáin agus fuíolluisce a chóireáil. Tá an CCU faoin tuairim gur gá leanúint leis na leibhéil reatha infheistíochta a dhéanamh, anuas ar bheith dírithe go láidir ar chúrsaí eagraíochta, le clár feabhsaithe substainteach a chumasú agus a sholáthar. Táimid go daingean faoin tuairim go mbraitheann muinín an phobail a mhéadú as Uisce Éireann ar ghníomh infheicthe a dhéanamh sna príomhlimistéir seo.”

Níl an próiseas claochlaithe curtha i gcrích go fóill agus tá gá le hathchóirithe suntasacha go fóill. Cé gur oibrigh na CSanna go héifeachtach chun an fóntas a chur ar bun agus ag oibriú, tá na teorainneacha a leagann an bealach seo oibre ag tosú le tionchar a imirt ar sholáthar seirbhíse agus ceaptar níos minice i gcónaí go bhfuil riosca i leith teipeanna ar sheirbhís á gcruthú acu. Imríonn seo tionchar freisin ar chumas Uisce Éireann chun éifeachtúlachtaí feabhsaithe a bhaint amach a shainaithin an CRF. Ar na cúiseanna seo agus eile, tá gá le haistriú i dtreo socruithe ina ndéantar soláthar seirbhíse a chomhtháthú níos mó laistigh de struchtúr eagrúcháin Uisce Éireann, in ionad na CSanna.

An réasúnaíocht atá le bunú tosaigh Uisce Éireann

Chuir an gá a bhí le torthaí níos fearr a bhaint amach do shaoránaigh agus d’úsáideoirí uisce agus comhordú infheistíochta marthanaí chun feabhsúcháin a bhaint amach ar bhonneagar agus soláthar seirbhíse eolas ar fáil i dtosach do chlaochlú leanúnach na hearnála seirbhísí uisce. Rinne athbhreithniú neamhspleách faoinar tugadh in 2011 scrúdú ar láidreachtaí agus laigí na socruithe seirbhísí uisce a bhí i bhfeidhm ag an tráth sin ó pheirspictíocht gheilleagrach, dhlíthiúil agus innealtóireachta, agus aird ar eispéireas idirnáisiúnta agus dearcthaí príomhpháirtithe leasmhara.

Léirigh an t-athbhreithniú go raibh soláthar seirbhísí uisce in Éirinn ag an tráth sin ag tearcfheidhmiú i gcomparáid le fóntais sa Ríocht Aontaithe (an RA) nuair a tomhaiseadh iad in aghaidh roinnt príomhtháscairí:

- Ba chostasaí an caiteachas oibriúcháin idir 50% agus 100% in aghaidh an cheangail ná mar a bhí sa Ríocht Aontaithe nó i dTuaisceart Éireann;
- B’ísle rátaí bailithe le haghaidh táillí uisce ná na meánrátaí sa RA (53% i dtaobh táillí neamhthí i gcomparáid le 78% i dtaobh na dtáillí go léir sa RA);
- B’ionann na leibhéil sceite agus dhá uair mheánleibhéal an RA (41% i gcomparáid le 20%) a léiríonn na híseal-leibhéil infheistíochta in athshlánú na bpríomhphíobán agus moilleanna a bhí ar go leor údaráis áitiúla obair a thabhairt chun cinn go gníomhach sa limistéar seo;

- Bhí líon na bhfostaithe a bhí bainteach i soláthar seirbhísí uisce 25% níos airde ná an meánlíon sa RA;
- Bhí líon na bhfostaithe in aghaidh an cheangail uisce agus an chustaiméara ar ar freastalaíodh i bhfad níos airde ná an meánlíon sa RA.

Léirigh an measúnú neamhspleách freisin go ndeachthas i ngleic le hilroinnt i soláthar seirbhísí uisce i bhformhór na dtíortha trí sholáthraithe seirbhíse níos mó a chruthú, nach raibh smacht bardasach orthu, go minic. I dtreo Fóntais Uisce Phoiblí réigiúnach nó náisiúnta a chruthú a bhí an phríomhthreocht go hidirnáisiúnta sna blianta sula ndearnadh an t-athbhreithniú, agus tugann fianaise le fios gur bhain seo idir laghduithe costais agus fheabhsúcháin amach ar chaighdeán na seirbhíse a soláthraíodh do chustaiméirí. Mar shampla, bhain Uisce na hAlban (Scottish Water), a d'aistrigh ó eagraíocht áitiúil go heagraíocht réigiúnach, agus as sin go heagraíocht náisiúnta seirbhísí uisce, a bhí faoi rialú poiblí, coigiltí oibríochtúla 40% amach i gcaitheamh tréimhse cúig bliana.

Bhain an measúnú neamhspleách an tátal as gur chuir fóntas poiblí an deis is fearr chun feabhas a chur ar éifeachtúlacht agus éifeachtacht soláthair seirbhísí uisce, agus soláthar á dhéanamh i gcomhthráth d'fheabhsúcháin ar phleanáil straitéiseach do riachtanais gheilleagracha, shóisialta agus chomhshaoil amach anseo, agus do shocruithe cuntasachta níos láidre.

I gcomhthéacs seo 2011 athbhreithniú it was concluded sin the optamach foirm for Uisce Éireann would be mar poiblí fóntas, which would assume freagracht for seirbhísí uisce feidhmeanna faoina dtugann údaráis áitiúla, ar bhonn céimnithe i gcaitheamh roinnt blianta.

Samhlaíodh go n-áireofaí leis na céimeanna seo Uisce Éireann a bhunú go foirmiúil sa dlí, a nglacfadh sé le freagracht dhlíthiúil, ina dhiaidh sin, as seirbhísí uisce a sholáthar, trí CSanna le húdaráis áitiúla, i dtosach, a leanfadh ag gníomhú mar ghníomhairí Uisce Éireann ar feadh idirthréimhse, go dtí go n-aistreofaí oibríochtaí agus an fhoireann go hiomlán go hUisce ag tráth a raibh cinneadh le déanamh faoi.

Leagadh freagracht reachtúil san Acht um Sheirbhísí Uisce (Uimh. 2), 2013, ina dhiaidh sin, as seirbhísí uisce ar Uisce Éireann ón 1 Eanáir 2014 ar aghaidh.

Ba é an cuspóir a chinntiú go bhfuil socruithe nua-aimseartha agus éifeachtacha i bhfeidhm maidir le seirbhísí uisce a fhorbairt agus a sholáthar a fhreastalaíonn ar riachtanais agus ionchais saoránach agus úsáideoirí, a chomhlíonann oibleagáidí dlíthiúla, a bhaineann luach maith ar airgead amach agus atá ar aon dul le prionsabail na hinbhuanaitheachta sóisialta, geilleagraí agus comhshaoil.

Príomh-Athchóirithe go dtí seo

Ó 2012 ar aghaidh, bhí na socruithe maidir le seirbhísí uisce poiblí a sholáthar ag aistriú ó chóras cathrach díláraithe go dtí údarás láraithe náisiúnta seirbhísí uisce.

Áirítear leis na príomh-athchóirithe atá i bhfeidhm cheana féin faoi na hAchtanna um Sheirbhísí Uisce 2007 go 2017 an méid seo a leanas:

- Uisce Éireann a bhunú laistigh de Bhord Gáis Éireann (tugtar Ervia Group anois air) chun tairbhe a bhaint as acmhainn an Ghrúpa fóntas poiblí a bhainistiú agus a oibriú ar scála náisiúnta.
- Freagracht reachtúil a aistriú go hUisce Éireann as seirbhísí uisce a phleanáil, a sholáthar agus a oibriú ar leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil ón 1 Eanáir 2014; Trí shraith CSanna, leanann 31 údarás áitiúil le seirbhísí uisce a sholáthar ina limistéir feidhme ar bhonn gníomhaireachta d'Uisce Éireann, ar mhaithe le leanúnachas seirbhíse agus le saineolas ar an earnáil uisce a choimeád. [6]
- Ainmníodh an Coimisiún um Rialáil Fóntais (an CRF) mar rialálaí geilleagrach Uisce Éireann chun dearbhú a sholáthar do chustaiméirí, saoránaigh agus an Stát, go bhfuil Uisce Éireann ag oibriú go héifeachtúil, bunaithe ar an iniúchadh neamhspleách a rinne an CRF ar chostais seirbhísí uisce agus aisghabháil na gcostas siúd ar aon dul le riachtanais Chreat-Treoir Uisce an AE.
- Déanann samhail chistithe, faoina ndéantar cinneadh ar aon dul le Tuarascáil Chomhchoiste an Oireachtais um Maoiniú ar Sheirbhísí Uisce Tí sa Todhchaí, a cheadaigh dhá Theach an Oireachtais in 2017[7] i ndiaidh chonspóid na dtáillí uisce, seirbhísí uisce a mhaoiniú go príomha ón Státchiste (thart ar 80% den chistiú) agus cuirtear roinnt cistiú breise ar fáil ó tháillí custaiméara (soláthar seirbhíse do chustaiméirí neamhthí agus táillí ceangail leis an líonra). Léirítear sa tsamhail chistithe sraith prionsabal lena gcomhaontaítear a d'fhorbair grúpa oibre ina bhfuil na Ranna Rialtais ábhartha, an CRF agus Uisce Éireann a cheangail gur cheart don tsamhail chistithe an méid seo a leanas a dhéanamh:
    - Comhlíonadh na Creat-Treorach Uisce (an CTU) a chinntiú;
    - Tacú leis an bpróiseas rialála neamhspleách geilleagrach;

[6] Leagadh an cur chuige comhoibritheach seo amach faoin Acht um Sheirbhísí Uisce (Uimh. 2), 2013, a chuireann ar chumas na CSanna bheith i mbun feidhme ar feadh a fhad le 12 bhliain fad a bhíonn na cosaintí reachtúla á leagan amach do théarmaí agus coinníollacha agus pinsin na n-oibrithe, dá gcuirfí deireadh leis na socruithe seo. Tá na CSanna féin atá i bhfeidhm anois uainithe go mbeidh siad i bhfeidhm go dtí deireadh 2025.

[7] https://www.housing.gov.ie/sites/default/files/publications/files/recommendations-of-the-jcffdws-of-ffdws-final.pdf

- Feabhas a chur ar thrédhearcacht agus cuntasacht socruithe cistithe agus a chinntiú go gcomhlíontar nósanna imeachta cuí airgeadais phoiblí;
- Trasfhóirdheonú a sheachaint idir earnálacha tí agus neamhthí (ar riachtanas é seo den CTU);
- Éifeachtúlachtaí oibríochtúla agus caipitil a chur chun cinn ar aon dul leis an gcóras rialála; agus
- An tsoiléireacht riachtanach a sholáthar chun an infheistíocht chaipitil chuí ag Uisce Éireann a éascú.

- Socruithe feabhsaithe le haghaidh rialachais, cuntasachta agus comhoibriú páirtithe leasmhara a bhaineann le seirbhísí uisce a sholáthar trí:
  - na próisis ilghnéitheacha rialála a leagtar amach faoi na hAchtanna um Sheirbhísí Uisce agus Achtanna na gCuideachtaí;
  - iniúchadh leanúnach á dhéanamh ag an Oireachtas ar athchóirithe beartais agus caiteachas poiblí gaolmhar; agus
  - róil reachtúla chomhairleacha a dílsíodh sa Bhord Comhairleach Uisce (an CCU) a thuairiscíonn leis an Oireachtas agus an Fóram Uisce ina bhfuil príomhpháirtithe leasmhara agus eagraíochtaí neamhrialtasacha san earnáil uisce.

Tá Uisce Éireann faoi shainchúram an rialálaí comhshaoil, na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil (an GCC), a leagann caighdeáin amach agus a chuireann comhlíonadh Rialacháin AE agus Rialachán Náisiúnta i bhfeidhm maidir le soláthar uisce óil agus sceitheadh fuíolluisce le dobharlaigh.

Cuirfidh an chéad chéim eile d'athchóiriú leis an dul chun cinn seo, agus an díriú láidir á choimeád ar mhaoirseacht agus cuntasacht chun buntacú leis an tsamhail airgeadais a leagtar amach thuas.

Uisce Éireann – Cúlra leis an tsamhail oibríochtúil reatha

Ba é an chéad dúshlán sular bunaíodh Uisce Éireann in 2013 chun an eagraíocht, an bhainistíocht agus na próisis a theastaigh a chruthú chun glacadh le freagracht as sócmhainní seirbhísí uisce na 34 údarás seirbhís uisce áitiúil, agus tús a chur le hiad a bhainistiú agus a oibriú ar bhealach aontaithe ar scála náisiúnta. Ba ghné freisin é táillí uisce tí a thabhairt isteach, mar chuid de shraith mhór d'athchóirithe geilleagracha mar fhreagairt do ghéarchéimeanna geilleagracha, chun an tsamhail airgeadais tosaigh d'Uisce Éireann.

Chun aghaidh a thabhairt ar an dúshlán seo, bunaíodh Uisce Éireann i dtosach mar fhochuideachta de Ervia Group (Bord Gáis Éireann roimhe seo), a chruthaíonn an tairbhe dó, ar an gcaoi sin, leas a bhaint as taithí agus saineolas fóntais nua-aimseartha, éifeachtúil agus atá dírithe ar chustaiméirí agus an tsolúbthacht a thabhairt dó chun fóntas seirbhísí uisce aonair a dhéanamh de ag dáta amach anseo.

Le leanúnachas seirbhíse a chinntiú agus lena chinntiú go gcoimeádtar saineolas na foirne seirbhísí uisce, a luaithe a bhí Uisce Éireann oibríochtúil in 2014, d'iontráil an chuideachta isteach in CSanna le gach ceann de na 31 údarás áitiúil. Leanann údaráis áitiúla, ar an ábhar sin, le hoibríochtaí laethúla a sholáthar ar bhonn gníomhaireachta d'Uisce Éireann. Ghlac Uisce Éireann, áfach, le freagracht dhíreach as an gclár infheistíochta caipitil a bhainistiú agus a sholáthar ar fud na tíre.

❖ Acmhainneacht a Fhorbairt trí Chomhaontuithe Seirbhíse

Is é príomhchuspóir na CSanna, faoi mar a leagtar amach i gCreat-chomhaontú an CCÁO, buntacú le caidreamh marthanach agus comhoibritheach idir Uisce Éireann agus údaráis áitiúla chun na hathruithe a éascú atá riachtanach chun an earnáil a athrú ó bhonn.

Trí oibriú le húdaráis áitiúla trí na CSanna seo, is soiléir go ndearna Uisce Éireann dul chun cinn suntasach maidir lena acmhainneacht a bhunú mar fhóntas náisiúnta. Baineadh laghduithe agus éifeachtúlachtaí suntasacha costais amach le 7 mbliana, faoi mar a dheimhnigh an CRF go neamhspleách. D'éirigh le hUisce Éireann freisin cur le soláthar an chláir infheistíochta caipitil agus chumasaigh sé acmhainneacht nua chun teagmhais aimsire éigeandála agus teagmhais chriticiúla a bhainistiú agus a thuairisciú a bhagraíonn do sheirbhísí uisce ar leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil.

❖ Aistriú go dtí Soláthar Comhtháite iomlán Seirbhísí Uisce

Tá pointe bainte amach againn anois ina mbainfeadh an córas uisce poiblí tairbhe ó oibríochtaí a chomhtháthú níos mó isteach san údarás aonair.

Teastaíonn acmhainní suntasacha bainistíochta agus riaracháin ó na CSanna iad féin i dtaobh Uisce Éireann agus a chomhpháirtithe údaráis áitiúil. Déanann seo an méid is féidir éifeachtúlachtaí féideartha a bhaint amach a theorannú agus seirbhísí uisce á soláthar. Dheimhnigh an CRF go bhfuil an scóip chun laghduithe breise ar chostais oibríochtúla srianta go suntasach laistigh de thimpeallacht oibriúcháin ina bhfuil 32 eagraíocht ar leith (i.e. Uisce Éireann agus 31 údarás áitiúil) a sholáthraíonn seirbhísí uisce.

Níl an tsamhail CS fabhrach i dtaobh soláthar iomlán spriocanna maidir le seirbhís do chustaiméirí, feidhmíocht oibríochtúil, feidhmíocht comhshaoil agus éifeachtúlacht costais.

Is ionann an bhaint atá ag 32 eagraíocht ar leith agus bealach ciotach chun oibriú, agus ní féidir na difríochtaí a sheachaint a eascraíonn as cleachtais oibríochtúla a mbíonn níos mó neamh-chomhsheasmhachta agus rioscaí méadaithe mar thoradh orthu.

Cé go bhfuil Uisce Éireann freagrach agus cuntasach as seirbhísí uisce agus fuíolluisce poiblí a sholáthar, is iad bainistíocht agus foireann údaráis áitiúil a thugann faoin rialú díreach agus an chinnteoireacht laethúil go fóill ar leibhéal na talún. Cruthaíonn an neamhréir bhunúsach seo idir freagracht as seirbhís agus rialú oibríochtúil riosca sistéamach maidir le bainistíocht éifeachtach seirbhísí uisce.

Is deacra a bhíonn seirbhísí uisce a phleanáil, a fhorbairt agus a fheabhsú níos mó ag Uisce Éireann mar gheall ar an socrú CS freisin agus níl sé comhoiriúnach don leibhéal comhtháthaithe a theastaíonn chun fóntas nua-aimseartha agus éifeachtach poiblí uisce a thógáil. Is dúshlánaí cláir athraithe agus feabhsúcháin seirbhíse a thabhairt isteach ar fud an oiread sin eagraíochtaí, nuair a bhíonn tosaíochtaí agus cuspóirí éagsúla ann. Baineann ríthábhacht le cláir náisiúnta maidir le seirbhísí uisce a fhorbairt agus a fheabhsú agus is tábhachtach gurb ann do na coinníollacha chun iad seo a sholáthar ar an mbealach is éifeachtaí agus is comhordaithe agus is féidir.

Airítear leis na cláir siúd:

- an Córas Bainistíochta Sceite Náisiúnta, ar córas ríthábhachtach é a thacaíonn le hUisce Éireann infheistíocht shuntasach phoiblí a dhéanamh chun leibhéil sceite sa líonra uisce a laghdú atá i bhfad ró-ard,
- Aimsigh agus Deisigh, atá dírithe ar sceitheadh tí a dheisiú,
- an Clár Díghalraithe Náisiúnta,
- Taiscumar a Dheisiú agus a Ghlanadh,
- An Príomhlíonra a Athshlánú agus a Athsholáthar, agus
- Buan-Nósanna Imeachta Oibriúcháin a thabhairt isteach.

Is dúshlánaí bainistíocht a dhéanamh ar theagmhais mhórscála, cosúil leo siúd ag Léim an Bhradáin in 2019 ar eisíodh fógraí chun uisce a bheiriú dá bharr a rinne difear do bhreis agus 600,000 duine mar gheall ar an mbaint atá ag roinnt eagraíochtaí éagsúla agus deighilt freagrachtaí eatarthu. Is tábhachtach, chomh maith, gur féidir le custaiméirí Uisce Éireann, bíodh teaghlaigh nó gnólachtaí aonair iad, a bheith muiníneach go gcuirfear leibhéal comhsheasmhach seirbhíse ar fáil dóibh gan aird ar an áit a bhfuil siad sa tír.

❖ **Costais na Socruithe Reatha**

Is ionann na costais oibriúcháin faoin tsamhail atá bunaithe ar CS agus €532 milliún sa bhliain. Déantar seo a mhiondealú mar seo a leanas:

- Gearrann na húdaráis áitiúla €237 milliún (45%) ar Uisce Éireann faoi na CSanna le haghaidh Párolla, Muirir Lár-Bhainistíochta agus Forchostas.
- Gearrtar €118 milliún (22%) faoi chonarthaí stairiúla Dearaidh, Tógála agus Oibrithe (DTO) (a bhí ann sula raibh Uisce Éireann ann) maidir le ionaid chóireála uisce agus fuíolluisce a oibriú ag tríú páirtithe.
- Is éard atá i gceist le €177 milliún (33%) den bhonn costais ná costais Fuinnimh €57 milliún (11%), agus €120 milliún (22%) de chostais dhíreacha ar earraí agus seirbhísí (ar nós Ceimiceán, Gléasra ar Cíos, Tarlú Sloda, Deisiúcháin Sceite Éigeandála agus Cothabháil Gléasra, etc.).

Is tábhachtach go mbaintear luach ar airgead amach don infheistíocht seo, arb Éireannaigh is mó a íocann astu go mór mór trína gcánacha. Is féidir na costais seo a laghdú, agus seirbhísí á gcothabháil agus á bhfeabhsú ag an tráth céanna. Ní féidir na barainneachtaí scála iomlána féideartha agus tairbhí an chaighdeánaithe a bhaint amach faoi na CSanna atá féideartha trí aistriú chuig samhail chomhtháite fóntais.

Leag an CRF spriocanna éifeachtúlachta amach d'Uisce Éireann laistigh de tréimhse Rialaithe Ioncaim 2020-24, arb é an tríú tréimhse den saghas sin ó bunaíodh Uisce Éireann (agus ar a dtugtar RC3). Socraíodh an dúshlán bliantúil oibríochtúil éifeachtúlachta ar scála ardaitheach, a thosaíonn le 2% le haghaidh 2020 agus 2021, agus a rachaidh in airde go dtí 4% in 2022 agus 6% ina dhiaidh sin in 2023 agus 2024. Ina chinneadh RC3, d'aithin an CRF go bhfuil na héifeachtúlachtaí seo a bhaint amach nasctha leis an aistriú ón tsamhail soláthair seirbhíse CS-bhunaithe, go dtí soláthar comhtháite seirbhísí ag an bhfoireann a oibríonn in Uisce Éireann.

Deiseanna Nua a Sholáthar don Fhoireann

Cé go bhfuil caidreamh comhoibritheach oibre idir Uisce Éireann agus údaráis áitiúla de réir mar a oibríonn siad le chéile chun seirbhísí uisce a sholáthar, níl caidreamh díreach conarthach ag Uisce Éireann faoi láthair le foireann seirbhísí uisce údaráis áitiúil. Ní féidir le hUisce Éireann, ar an ábhar sin, pleanáil a dhéanamh do agus tacú lena ngairmeacha beatha amach anseo, nó a n-oiliúint agus a bhforbairt, i dtionscal atá an-speisialaithe agus an-éilitheach ó thaobh cúrsaí teicniúla de. Dúirt Uisce Éireann gur mian leis agus go dteastaíonn uaidh taithí agus acmhainneacht shárluachmhar na foirne seirbhísí uisce údaráis áitiúil a thabhairt isteach san obair le hUisce Éireann, áit ar féidir leis leanúint lena scileanna agus a ngairmeacha beatha a fhorbairt.

Formhuiníonn an Rialtas an staid seo agus cuireann sé fáilte roimh an toilteanas a léirigh Uisce Éireann chun freastal ar gach duine a oibríonn faoi láthair i seirbhísí uisce in údarás áitiúil laistigh den fhóntas comhtháite náisiúnta uisce.

Tríd is tríd, ba shocrú bunriachtanach eatramhach cur chuige an CS sa phróiseas claochlaithe ach ní mheastar gur réiteach cuí fadtéarmach é ar riachtanais seirbhísí uisce na hÉireann a bhainistiú. I ndiaidh bheith ag oibriú faoi rath ar feadh seacht mbliana agus príomhfheabhsúcháin a dhéanamh ar sheirbhísí uisce ríthábhachtacha a sholáthar go laethúil, meastar gur bhain an socrú CS teorainneacha a chumais amach chun aghaidh a thabhairt ar an gcuspóir lena mbaineann na hathruithe riachtanacha a éascú chun an earnáil a chlaochlú. Ní féidir leis an Rialtas tacú leis an staid gur cheart socrú buan oibre a dhéanamh de na CSanna ina gceart féin.

Bhí fóntais uisce aonair faoi úinéireacht phoiblí i ndlínsí inchomparáide na hAlban agus Thuaisceart Éireann in ann éifeachtúlachtaí níos mó a bhaint amach ina n-oibriú, agus soláthar rathúil a dhéanamh i gcomhthráth do bhorradh ar an líonra agus comhlíonadh feabhsaithe rialála a bhaint amach agus tacú lena bhfoireann agus iad a fhorbairt, chomh maith. Leagtar achoimre amach ar an réasúnaíocht go n-oibríonn Uisce Éireann mar fhóntas seirbhísí uisce poiblí comhtháite sa tábla ag Aguisín 1.

Ról an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre

Ghlac an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre (an CCÁO) le príomhról i rith phróiseas claochlaithe na hearnála uisce maidir leis an idirchaidreamh riachtanach a éascú idir an bhainistíocht agus ionadaithe oibrithe, maidir leis na dúshláin a bhaineann le hathrú struchtúrach agus eagraíochta laistigh den earnáil uisce.

❖ **Tuarascáil ar Chlár Claochlaithe Uisce Éireann (2018)**

Thug an CCÁO, ar iarraidh an Aire um an dtaca sin, faoi idirchaidreamh a dhéanamh leis na páirtithe maidir lena mbuarthaí a fhiosrú i dtaca leis an gcéad chéim eile de chlaochlú. I Meán Fómhair 2018, rinne Stiúrthóir Ginearálta an CCÁO tuairisciú ar phróiseas idirchaidrimh faoinar tugadh leis na páirtithe a bhí bainteach i gclár claochlaithe na hearnála uisce, an CCÁO agus ceardchumainn ábhartha chleamhnaithe (Fórsa, UNITE, SIPTU, agus Connect), an bhainistíocht rialtais áitiúil tríd an gCumann Bainistíochta Contae agus Cathrach, Ervia/Uisce Éireann, agus an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil[8].

Luadh sa tuarascáil, in ainneoin na tábhachta a bhaineann le lucht saothair a chinntiú atá oilte ar sheirbhísí uisce a sholáthar go héifeachtach, is cosúil go bhfuil éiginnteacht faoin gcéad chéim eile de chlaochlú ina cúis le deacrachtaí maidir le foireann a choimeád agus foireann a earcú le seirbhísí uisce agus fuíolluisce ar leibhéal rialtais áitiúil. Léirigh páirtithe a mbuarthaí arís eile go bhféadfadh an mhoill ar an struchtúr amach anseo a shoiléiriú chun seirbhísí uisce a sholáthar an cás seo a dhéanamh níos measa, agus go bhféadfadh sé na rioscaí a mhéadú, dá bharr, i leith soláthar sábháilte agus éifeachtach seirbhísí uisce agus fuíolluisce sa mheántéarma.

Nuair a rinne sé trácht ar thoradh an phróisis idirchaidrimh, thug an CCÁO faoi deara gurbh iomaí tairbhe a sholáthair an CS, ní dá laghad soláthar na seirbhíse uisce a aistriú go héifeachtach go dtí Uisce Éireann. Tugadh faoi deara, ar a bharr sin uile, gur chomhaontaigh gach páirtí leis an bpróiseas seo, go raibh sé riachtanach go mbeidh baint leanúnach ag an bhfoireann atá fostaithe faoi láthair chun seirbhísí uisce a sholáthar laistigh d'údaráis áitiúla, mar gheall ar a sainscileanna agus a saineolas, chun uisce agus fuíolluisce poiblí a sholáthar go héifeachtach agus ar mhaithe le leanúnachas na seirbhíse sin.

Cosnaítear san Acht um Sheirbhísí Uisce (Uimh. 2), 2013 (arna leasú) téarmaí agus coinníollacha agus sochair aoisliúntais reatha fhoireann údarás áitiúil, dá gcuirfí deireadh leis na CSanna agus má aistrítear iad go hUisce Éireann.

[8] Tuarascáil an CCÁO ar shaincheisteanna a bhaineann leis an gclár claochlaithe d'Uisce Éireann, a cuireadh faoi bhráid an Uasail Eoghan Murphy, T.D., an tAire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil, an 19 Meán Fómhair 2018.
https://www.workplacerelations.ie/en/news-media/workplace_relations_notices/wrc_report_on_issues_relating_to_the_transformation_programme_for_irish_water_presented_to_mr_eoghan_murphy_t_d_minister_for_housing_planning_and_local_government_on_19th_september_2018_.html

Luadh i dtuarascáil an CCÁO, áfach, go bhfuil dearcthaí an-éagsúla ann maidir le cibé acu ar cheart nó nár cheart foireann a aistriú, in éagmais a gcomhaontaithe, go hUisce Éireann.

Thug Stiúrthóir Ginearálta an CCÁO dearbhú go leanfaí lena sheirbhísí a bheith ar fáil chun tacú leis na páirtithe chun a saincheisteanna a réiteach i dtaobh an phróisis chlaochlaithe seirbhísí uisce.

Mar fhreagairt dó sin, leaga an Rialtas an dualgas ar an CCÁO tabhairt faoi phróiseas breise idirchaidrimh idir na páirtithe chun oibriú i dtreo creat cobhsaí struchtúrach agus oibríochtúil a fhorbairt don todhchaí a chuirfí in ionad an chórais reatha CSanna idir Uisce Éireann agus gach ceann de na 31 údarás áitiúil.

Ina dhiaidh sin, agus ag tosú i bhFeabhra 2019, rinneadh idirchaidreamh chun oibriú i dtreo creat oibríochtúil a fhorbairt a chuirfí in ionad an chórais reatha CSanna, ach ba mhall don dul chun cinn go dtí seo, mar sin féin.

An Tionchar a Imríonn Seirbhísí Uisce a Chlaochlú ar an gCóras Rialtais Áitiúil

Is claochlú Seirbhísí Uisce is cúis le dúshláin shuntasacha a chruthú don earnáil Rialtais Áitiúil. Is gá a chinntiú go mbíonn an earnáil Rialtais Áitiúil beoga agus inbhuanaithe i gcónaí agus tá ar a cumas agus tá dóthain acmhainní aici chun na príomhfheidhmeanna a sholáthar laistigh dá sainchúram. Ní féidir costais thréigthe a bheith le híoc ag údaráis áitiúla a eascraíonn as freagrachtaí a aistriú chuig Uisce Éireann. D'fhéadfadh seo teacht aníos nuair nach bhfuil fáil a thuilleadh ar an ioncam atá á fháil faoi láthair ó sheirbhísí uisce a sholáthar, ach nuair is ann go fóill d'oibleagáidí airgeadais (maidir leis an bhfoireann agus bonneagar, mar shampla, nó saincheisteanna leagáide a bhaineann le bonneagar a sholáthraíonn an forbróir nó sócmhainní imithe as feidhm). Tá dliteanais aoisliúntais a thagann chun solais i gcás go n-aistrítear foireann go hUisce Éireann le réiteach go cuí ar bhonn neodrach Státchiste. Baineann an tábhacht chéanna leis go nglacann údaráis áitiúla le ról lárnach maidir le forbairt gheilleagrach agus shóisialta a chur chun cinn fud fad na tíre, ar leibhéal straitéiseach tríd an gcóras pleanála agus ar leibhéal oibríochtúil trí bhaint dhíreach a bheith le hinfheistíocht i mbonneagar geilleagrach agus sóisialta a bhainistiú. Tá forbairt tagtha ar chaidreamh comhoibritheach agus táirgiúil idir Uisce Éireann agus na húdaráis áitiúla le himeacht na mblianta, agus is tábhachtach go leanann iad seo agus go ndéantar iad a threisiú.

Ba cheart go mbeadh prótacail struchtúracha i bhfeidhm idir Uisce Éireann agus údparáis áitiúla lena chinntiú go mbíonn pleananna ríthábhachtacha infheistíochta i seirbhísí uisce ar aon dul le feidhmeanna tithíochta agus pleanála údaráis áitiúil chun tacú le forbairt gheilleagrach agus spásúil agus shóisialta, agus le cosaint comhshaoil.

Aithníonn an Rialtas go mbaineann tábhacht leis na buarthaí seo maidir le leasanna straitéiseacha na hearnála rialtais áitiúil. Oibreoidh sé le hionadaithe bainistíochta agus oibrithe údaráis áitiúil, faoi mar is cuí, lena chinntiú go ndéantar na saincheisteanna thuas a bhreithniú agus a réiteach go cuí.

Úinéireacht Phoiblí ar Sheirbhísí Uisce

Tá an Rialtas an-tiomanta d'úinéireacht phoiblí a ghlacadh ar sheirbhísí uisce poiblí. Léirítear prionsabal na húinéireachta poiblí ar an gcóras uisce poiblí faoi láthair sna hAchtanna um Sheirbhísí Uisce. Ar aon dul leis an staid reatha reachtaíochta seo, ní féidir an córas uisce a aistriú as úinéireacht phoiblí, gan toiliú thromlach na ndaoine a fháil i dtosach i bpobalbhreith náisiúnta.

Tá oibleagáid ar an Rialtas a chinntiú go ndéantar an mhaoirseacht chuí ar acmhainní uisce an náisiúin agus a chinntiú freisin go mbíonn teacht ag na saoránaigh go léir ar uisce óil ar chaighdeán ard. Foráiltear sa reachtaíocht reatha do thoirmeasc reachtúil a chur ar phríobháidiú Uisce Éireann agus leagtar amach inti réimse beart ar ghá tabhairt fúthu sa chás go mbainfí an toirmeasc reachtúil.

Foráiltear san Acht um Sheirbhísí Uisce, 2013 don bhonn reachtaíochta maidir le bunú Uisce Éireann. Dílsítear in Alt 5, ach go háirithe, scaireanna Uisce Éireann san Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta; an tAire Airgeadais; agus Bord Ervia; agus cuirtear cosc ann ar Ervia/Uisce Éireann óna scair a aistriú gan toiliú na beirte Airí. Foráiltear san Acht um Sheirbhísí Uisce, 2014 nach féidir tús a chur le hathrú ar úinéireacht phoiblí Uisce Éireann, a phríobháidiú nó aon scair de chuid Uisce Éireann a dhíol atá ag an Rialtas, mura sásaítear trí choinníoll ar leith:

(1) ritear réiteach in dhá Teach an Oireachtais a cheadaíonn an moladh sin;

(2) ceadaíonn tromlach na vótálaithe sin i bpobalbhreith ar an moladh;

(3) caithfidh an tAire tús a chur ansin le reachtaíocht chun Uisce Éireann a phríobháidiú nó aon scair a aistriú atá ag an Rialtas.

Ní dealraitheach don Rialtas gurb ann d'aon chúinsí a thagann chun solais ina gcuirfí aon chuid d'Uisce Éireann atá faoi úinéireacht phríobháideach. Comhaontaítear go mór mór i measc Éireannach agus ar fud an speictrim pholaitiúil gur cheart go mbeadh seirbhísí uisce poiblí faoi úinéireacht phoiblí agus á rialú ag an bpobal. Beartaítear go ndéanfaidh an reachtaíocht a bheidh ag teacht aníos chun scaradh Uisce Éireann ó Ervia Group a éascú an gá atá le húinéireacht phoiblí a bheith ar Uisce Éireann a neartú níos mó.

Caithfear a aithint freisin nach gcuireann Uisce Éireann gach seirbhís uisce ar fáil. Cuireann Uisce Éireann a n-uisce óil ar fáil do thromlach na dteaghlach - 83% den daonra, ar an iomlán.

Anuas air sin, áfach, cuirtear 17% de sholáthairtí uisce óil ar fáil trí shocruithe príobháideacha, go príomha trí ghrúpscéimeanna uisce agus trí thoibreacha príobháideacha. Tá córais chóireála fuíolluisce tí aonair nó ghrúpa ag 34% de theaghlaigh, i bhfoirm dabhcha séarachais, go príomha.

Is é beartas agus tiomantas luaite an Rialtais seirbhísí uisce poiblí a choimeád faoi úinéireacht phoiblí, agus aird á tabhairt i gcomhthráth ar shocruithe príobháideacha chun seirbhísí uisce a sholáthar ag grúpscéimeanna uisce agus ag teaghlaigh aonair, gnólachtaí agus comhlachtaí eile.

Chruthaigh coincheap reifrinn ar úinéireacht ar an gcóras uisce poiblí suim nach beag. Creideann an Rialtas go bhféadfaí é seo a fhiosrú agus a chur chun cinn níos iomláine i gcomhthéacs breithmheas níos fairsinge a dhéanamh ar an gcosaint bhunreachtúil ba cheart a dhéanamh ar an timpeallacht fhisiciúil. Áirítear le **Ár dTodhchaí Chomhroinnte**, Clár an Rialtais, an tiomantas seo a leanas:

“Cuirfimid saincheist an chomhshaoil, uisce san áireamh, agus an áit a bhfuil sé sa bhunreacht, faoi bhráid Chomhchoiste ábhartha an Oireachtais lena breithniú.” (lch 135)

Conclúid - I dtreo Fóntas Seirbhísí Uisce Poiblí Comhtháite

Is mór an fhorbairt atá tagtha cheana féin ar struchtúr dlíthiúil, cistiú agus samhail rialála agus socruithe cuntasachta Uisce Éireann i gcaitheamh na tréimhse sách gearr dá bhfuil sé ar an bhfód. Tháinig roinnt eachtraí deacra aníos i rith an ama seo, go mór mór maidir le conas a íocaimid as seirbhísí uisce tí mar thír agus mar shaoránaigh. Réitítear ceisteanna anois a bhaineann leis an tsamhail chistithe i ndiaidh Thuarascáil Chomhchoiste an Oireachtais um Maoiniú ar Sheirbhísí Uisce Tí sa Todhchaí agus an tAcht um Sheirbhísí Uisce, 2017, agus tá an tsamhail seo go hiomlán oibríochtúil.

Is tráthúil anois an gá atá le breithniú a dhéanamh ar an gcreat oibríochtúil amach anseo d'Uisce Éireann. Tá súil ag an Rialtas leis go nglacfaidh Uisce Éireann le smacht díreach ar oibriú na seirbhísí uisce agus fuíolluisce poiblí go léir, ar sannadh freagracht reachtúil air astu ó 2014. Ciallaíonn seo go ndéanfaí an ghníomhaíocht oibríochtúil go léir a chomhtháthú isteach in Uisce Éireann, agus go dtiocfaidís in ionad na gcomhaontuithe seirbhíse atá i bhfeidhm faoi láthair leis na 31 údarás áitiúil. Déanfar freagracht reachtúil as seirbhísí uisce poiblí a ailíniú go hiomlán leis an mbainistíocht agus rialú agus beidh Uisce Éireann go hiomlán cuntasach as gach gné de sheirbhísí uisce a sholáthar.

Mar gheall ar shainscileanna agus saineolas na foirne atá fostaithe faoi láthair chun seirbhísí uisce a sholáthar laistigh d'údaráis áitiúla, chomh maith lena dtiomantas do na pobail ar a bhfreastalaíonn siad, is gá go mbíonn baint leanúnach acu le leanúnachas éifeachtach seirbhísí uisce agus fuíolluisce poiblí a chinntiú.

Braitheann na tairbhí a bhaineann le cónascadh seirbhísí uisce, éifeachtúlachtaí oibríochtúla, barainneachtaí scála, infheistíocht inbhuanaithe, agus seirbhísí ar chaighdeán níos fearr, ar chomhtháthú breise. Is cosúil go bhfuil éiginnteacht leanúnach faoin gcéad chéim eile de chlaochlú ina cúis freisin le deacrachtaí soláthair foirne laistigh den earnáil seirbhísí uisce ar leibhéal rialtais áitiúil. D'fhéadfadh aon mheath a thiocfadh ar an gcás seo riosca breise agus neamhriachtanach a chruthú i leith soláthar sábháilte agus éifeachtach seirbhísí uisce agus fuíolluisce, murach go dtéitear i ngleic leis an gceist a dhóthain.

Tá cás an-láidir ann chun na socruithe reatha oibriúcháin a leasú agus deireadh a chur leis na CSanna. Saincheist bhunúsach maidir le leanúint leis an gcur chuige reatha ná go leanfadh na costais a bhíonn ar 31 comhaontú seirbhíse ar leith a bhainistiú agus a mhaoirsiú a bheith ina bhforchostas buan a chruthaíonn seirbhísí uisce a sholáthar. I ndeireadh na dála, níl seo ar aon dul le príomhleas an phobail, nach mór a bheith i gceartlár an bheartais uisce – socruithe nua-aimseartha dea-chleachtais a bhaint amach chun seirbhísí uisce a sholáthar, atá in ann ionchais saoránach agus chustaiméirí a shásamh agus a shárú, agus comhlíonadh oibleagáidí comhshaoil a dhearbhú.

Ní féidir na tairbhí seo a bhaint amach go hiomlán ach trí ghníomhaíocht oibríochtúil seirbhísí uisce a chomhtháthú faoi Uisce Éireann. Cruthaíodh go n-éiríonn leis an gcur chuige seo oibriú go héifeachtach i ndlínsí timpeall orainn in Albain agus i dTuaisceart Éireann, áit a bhfuil a mhacasamhail d'fhóntais faoi úinéireacht phoiblí i bhfeidhm ina ndéantar gníomhaíocht oibríochtúil a chomhtháthú san fhóntas. Is iad príomhláidreachtaí an chuir chuige seo:

- I dtaobh cúrsaí rialachais, cuireann an cur chuige seo línte soiléire agus éifeachtacha údaráis, freagrachta agus cuntasachta ar fáil. Baintear an t-ailíniú riachtanach amach, ach go háirithe, idir rialú oibríochtúil agus freagracht reachtúil, agus déanann sin rioscaí i leith soláthar seirbhíse a íoslaghdú.

- Éascaíonn an cur chuige seo rialáil leanúnach neamhspleách gheilleagrach agus comhshaoil ag an CRF agus an GCC, faoi seach, ar aon dul le hoibleagáidí intíre agus AE.

- Cumasóidh struchtúr eagrúcháin atá go hiomlán comhtháite cáilíocht agus comhsheasmhacht i soláthar seirbhíse a chaighdeánú i measc na ngrúpaí custaiméirí go léir.

- Déantar cumas na Bainistíochta Acmhainní Daonna Straitéiseach (BAD) a uasmhéadú nuair a dhéantar an bunachar eolais a chothabháil; is féidir earcaíocht chéimnitheach, coinneáil, agus córais luaíochtaí a chumasú, is féidir lárionaid sármhaitheasa agus nuálaíochta a bharrfheabhsú chun sochair na foirne a oibríonn san eagraíocht.

- I dtaobh bainistíocht airgeadais, cinntíonn sé gur féidir éifeachtúlachtaí costais agus barainneachtaí scála a thomhas ar aon dul le dea-chleachtas airgeadais, agus gur féidir feidhmíocht a thagarmharcáil go seachtrach in aghaidh fóntais intíre agus fóntais uisce idirnáisiúnta.

Aithníonn an Rialtas go dtugann an cur chuige ina ndéantar foireann agus soláthar a chomhtháthú go hiomlán laistigh den fhóntas buarthaí tábhachtacha agus bailí chun solais i measc pháirtithe leasmhara na hearnála uisce agus caithfear dul i ngleic leo i gcomhthéacs réiteach iomlán agus éifeachtach.

Is soiléir go dtugann an próiseas claochlaithe buarthaí chun solais i measc na n-oibrithe maidir lena stádas mar oibrithe earnála poiblí, samhlacha pá agus téarmaí agus coinníollacha, i measc rudaí eile.

I dtaobh bainistíocht údaráis áitiúil, is ríthábhachtach a chinntiú go leanann siad lena n-acmhainn a choinneáil chun a bhfeidhmeanna eile údaráis áitiúil a chomhlíonadh agus a ról lárnach pleanála, geilleagrach, pobail agus seirbhíse poiblí a chomhlíonadh, a luaithe a chuirtear claochlú na hearnála seirbhísí uisce i gcrích.

Is é tiomantas an Rialtais ná Uisce Éireann a choimeád faoi úinéireacht phoiblí mar fhóntas náisiúnta aonair rialaithe. Tá súil ag an Rialtas leis, ar an ábhar sin, go ndéanfar gníomhaíochtaí seirbhísí uisce a chomhtháthú go hiomlán isteach in Uisce Éireann agus go ndéanfaidh Uisce Éireann iad a sholáthar agus go n-éascóidh creat cuí oibríochtúil an tsamhail soláthair seirbhíse seo.

Bhí próiseas a d'éascaigh an CCÁO ar bun go leanúnach ag féachaint le cabhrú leis na páirtithe creat oibríochtúil lena gcomhaontaíonn an dá pháirtí a cheapadh chun teacht in ionad na CSanna. Tá sé bunriachtanach go ndéanann an próiseas seo breithniú mionsonraithe agus dúshlánach anois ar na príomhbhuarthaí atá ar na páirtithe go léir, ar gá teacht ar réitigh a gcomhaontaítear orthu, seachas díreach poist a roinnt.

Iarrann an Rialtas ar na príomhpháirtithe leasmhara, ar an ábhar sin, idirchaidreamh a dhéanamh chun comhaontú a dhéanamh ar chreat le haghaidh struchtúr oibriúcháin cobhsaí chun Seirbhísí Uisce a sholáthar amach anseo, laistigh de shé mhí, atá le cur i gcrích faoi Iúil 2021. Cuirfear tús láithreach, ar bhonn céimnithe, ina dhiaidh sin leis an gCreat a shainaithnítear a chur i bhfeidhm ar bhonn céimnithe agus beidh sé le cur i gcrích in 2022.

Tá an Rialtas buíoch don CCÁO as an tacaíocht a thug sé don phróiseas go dtí seo agus as a thoilteanas a thabhairt le fios chun leanúint a bheith ar fáil chun idirchaidreamh a éascú. Tá lánmhuinín ag an Rialtas i neamhspleáchas agus iomláine an CCÁO agus creideann sé go bhfuil ar a chumas aige gan stró príomhról a ghlacadh mar éascaitheoir sa phróiseas seo.

Cabhróidh réiteach a shocrófar idir na príomhpháirtithe le glacadh agus tiomantas gach a bhfuil bainteach a chinntiú. Is fearr seo ná aon réiteach a chur i bhfeidhm mar gheall ar riachtanas, dá dteipfeadh ar na páirtithe leasmhara idirchaidreamh a dhéanamh agus dul i ngleic le ceisteanna ina measc féin. Is ann faoi láthair don deis chun réiteach lena gcomhaontaítear a bhaint amach agus tá súil ag an Rialtas leis go ndéanfaidh na páirtithe leasmhara idirchaidreamh lena chéile ag féachaint leis an toradh sin a bhaint amach.

Is é is riachtanach a chinntiú go bhfuil socruithe nua-aimseartha agus éifeachtacha i bhfeidhm maidir le seirbhísí uisce a sholáthar agus go mbaineann an córas uisce poiblí an leibhéal is airde de mhuinín agus meas an phobail amach, agus luach agus aitheantas a léiriú ar rannchuidiú iad siúd a oibríonn chun na seirbhísí seo a sholáthar.

Aguisín: Achoimre ar an réasúnaíocht go n-oibríonn Uisce Éireann mar fhóntas seirbhísí uisce poiblí comhtháite

Leagtar achoimre ar an réasúnaíocht maidir leis an bhfóntas náisiúnta faoi úinéireacht phoiblí aonair rialaithe amach sa tábla thíos.

Éifeachtúlacht agus Éifeachtacht	• Deis a sholáthar chun samhail oibriúcháin a thógáil atá oiriúnach don fheidhm chun seirbhísí uisce a sholáthar ar an mbealach is éifeachtúla agus is éifeachtaí. • Rialaíonn Uisce Éireann na sócmhainní, na hioncaim agus na costais le barainneachtaí scála níos fearr. • Cumas níos fearr chun slándáil agus cáilíocht an tsoláthair a chinntiú. • Cáilíocht chomhsheasmhach agus thrédhearcach seirbhíse; acmhainní a imlonnú níos gasta trí ionad náisiúnta seirbhíse do chustaiméirí. • Bonn costais níos éifeachtúla; costas aonaid níos ísle ar sholáthar. • Aonán aonair a bheith ann do rialálaithe (an CRF agus an GCC) chun rialáil a dhéanamh, seachas castacht a bhaineann le 31 údarás áitiúil ar leith
Pleanáil agus cuntasacht straitéiseach	• Cumas níos fearr chun straitéisí náisiúnta a chur i bhfeidhm; nach bhfuil srianta ag teorainneacha údaráis áitiúil nó gníomhaíochtaí nach mbaineann le huisce. • Údarás cinnteoireachta amháin, seachas 31 údarás; struchtúr eagraíochta níos comhcheangailte agus níos comhtháite. • Línte soiléire cuntasachta, údaráis agus freagrachta.
Soláthar foirne	• Tá an mhais chriticiúil ag fóntas náisiúnta aonair chun tallann bhreise a mhealladh. • Bainfidh éifeachtúlachtaí laghduithe soláthair foirne amach, cé nach mbeadh aon iomarcaíochtaí éigeantacha ann agus go mbeadh post ann don fhoireann go léir i seirbhísí uisce faoi láthair.

gov.ie/tithiocht

An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland